## Réamhrá

Leagadh amach i dtuarascáil an Choiste Agraifhís 2015 na príomhshaincheisteanna atá os comhair thionscal talmhaíochta agus bia na hÉireann mar aon le sraith moltaí chun an fhorbairt is fearr is féidir a dhéanamh ar an earnáil feasta. D'fhreagair an Rialtas, i mí an Mhárta 2006, trí Phlean Gníomhaíochta Agraifhís 2015 a sheoladh, ina raibh sonraí na ngníomhartha sonracha a bhí le déanamh ag na príomhghníomhaithe laistigh den earnáil chun todhchaí bheoga a bhaint amach don tionscal.

Tógtar an próiseas céim eile chun cinn leis an tuarascáil seo mar tugann sí léargas ar an dul chun cinn iarbhír atá bainte amach tar éis bliain den phróiseas a bheith caite. Creidim gur doiciméad tábhachtach é mar léiríonn sé tiomantas an Rialtais d'fhíorghníomhartha bunaithe ar phlean soiléir straitéiseach agus, chomh maith leis sin, cuireann sé in iúl an méid gur féidir a bhaint amach le comhar na bpáirtithe go léir. Tá áthas orm a aithint go bhfuil dul chun cinn déanta ar phríomhghnéithe an Phlean Gníomhaíochta, le dul chun cinn substaintiúil ar fhormhór na bpointí gníomhaíochta.

Nuair a sheol mé Plean Gníomhaíochta 2015 an bhliain seo caite, dhírigh mé go sonrach ar iomaíochas, nualaíocht agus fócas ar thomhaltóirí mar phríomhthosca tiomána chun ár ráthúlacht a chaomhnú. Níor tharla rud ar bith idir sin is seo a thagann salach ar mo thuairim gurb ionann na príomhchoincheapa seo agus an bealach is fearr chun cinn. Dá bhrí sin, bhain mé úsáid as an mbliain seo caite chun an Plean Gníomhaíochta a neartú trí mhórghealltanais Rialtais a dhéanamh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016* agus faoin bPlean Forbartha Náisiúnta araon.

Is é atá sa phacáiste agraibhia €8.7m. atá leagtha amach san NDP 2007-2013 pacáiste comhtháite polasaithe, scéimeanna agus acmhainní a thugann aghaidh ar riachtanais airgeadais agus treoaíochta an tionscail agraibhia. Tugann sé aitheantas daingean freisin ar thiomantas an Rialtais do Phlean Gníomhaíochta Agraifhís 2015 agus d'fhorbairt leanúnach na hearnála ríthábhachtaí dúchasaí seo.

**Máire Ní Chochláin, T.D.**
**An tAire Talmhaíochta agus Bia**

**Clár**

**_____Leathanach**

**Réamhrá**

**Clár**

**Caibidil 1 – Ag Diriú ar na Tomhaltóirí**

**Caibidil 2 – Ag Cur Lenár mBonn Eolais**

**Caibidil 3 - An tIomaíochas a Neartú**

**Caibidil 4 - Todhchaí Inbhuanaithe a Chur chun Cinn**

## Comhthéacs

Foilsíodh Plean Gníomhaíochta 2015 i mí an Mhárta 2006 agus bhí 167 ngealltanas ann a gheall an Rialtas a chur i ngníomh thar thréimhse 3-5 bliana. Is í seo an chéad tuarascáil lena léirítear an dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

Leanann an leagan amach na príomhchoincheapa a léirítear i bPlean Gníomhaíochta Agraifhís 2015 agus mar sin tá ceithre phríomhchaibidil ina ndéileáltar le príomhthosca tiomána an iomaíochais, an bonn eolais, inbhuanaitheacht agus fócas ar thomhaltóirí. Pléitear gach gníomh sa Phlean agus tugtar dár n-aire sonraí gonta faoi na bearta a rinneadh chun an gníomh a chur chun cinn. Déantar measúnú ar dhul chun cinn ar bhonn ceithre phointe agus is féidir an dul chun cinn foriomlán a dhealú mar seo a leanas

| | **Tuairisc** | % |
|---|---|---|
| **A** | Gníomhaíocht curtha i gcrích | **10** |
| **B** | Gníomh curtha i bhfeidhm ach obair leanúnach ag teastáil | **55** |
| **C** | Gníomh substaintiúil déanta ach tuilleadh oibre le déanamh | **35** |
| **D** | Is beag an Gníomh atá déanta | **0** |

San iomlán tá 65% de na pointí gníomhaíochta críochnaithe nó á gcur i gcrích ar bhonn leanúnach. Is toradh sásúil é seo tar éis bliain amháin den Phlean Gníomhaíochta a bheith caite agus leanfar ar aghaidh feasta ag faire ar an dul chun cinn.

| **AG DÍRIÚ AR NA TOMHALTÓIRÍ** | | | |
|---|---|---|---|
| **Stádas**<br>**A: Gníomh curtha i gCrích B: Gníomhaíocht curtha i bhfeidhm ach obair leanúnach ag teastáil**<br>**C: Gníomh Substaintiúil Déanta D: Is beag an Gníomh atá Déanta** | | | |
| | **Uimh.** | **Gníomh** | **Stádas** |
| HOD | 1 | Forfheidhmeoidh DAF reachtaíocht bia de réir théarmaí a conradh seirbhíse leis an FSAI agus glacfaidh sí ról forghníomhach chun tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh shábháilteachta bia agus iad a sheachadadh i gcomhar leis an FSAI (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann) nó Biaslán, an comhlacht sábháilteachta bia uile-oileánda. | B |
| | 1 | Rinneadh athnuachan ar an gconradh seirbhíse leis an FSAI i mí Feabhra 2006 don tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2009. Tá athbhreithniú á dhéanamh go seasmhach ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta bia a liostáiltear sa chonradh seo, trí chruinnithe idirchaidrimh rialta idir DAF agus an FSAI mar aon le tuarascálacha ráithiúla agus an Tuarascáil Bhliantúil a cheanglaítear faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (an tAcht FSAI). Tá caidreamh comhair | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | oibre láidir idir an dá ghníomhaireacht ó thaobh an chonradh seirbhíse a chur i ngníomh agus tá ionadaíocht ag DAF ar líon suntasach coistí agus grúpaí oibre de chuid an FSAI, atá ag obair ar thionscnaimh a dhéileálann le hábhar imní faoi shábháilteacht bhia. In 2006, bhí an Roinn ag comhoibriú freisin le Biaslán i dtaca le go leor tionscadal sábháilteachta bia uile-oileánda, e.g. measúnú ar mhinicíocht salmonella i muiceoil agus na riosc-thosca a bhaineann lena scaipeadh, córas comhchuibhithe a fhorbairt chun saotharlanna príobháideacha a cheadú, atá ag tástáil pataiginí i mbia, agus faireacháin a dhéanamh orthu, agus suirbhéanna tomhaltóirí maidir le táirgí sonracha talmhaíochta. | |
| | 2 | Cuirfidh DAF agus na gníomhaireachtaí eile atá rannpháirteach na bearta riachtanacha ar bun lena chinntiú go bhfeidhmeofar reachtaíocht Bia agus Beathaithe an AE, lena n-áirítear Pacáiste Sláinteachais an AE go hiomlán. | |
| | 2 | Rinne Pacáiste Sláinteachais an AE athbhreithniú agus comhdhlúthú ar reachtaíocht bia agus beathaithe chomh maith le saincheisteanna eile. Is príomhghné de Rialachán 178/2002 é go bhfuil freagracht go príomha ar gach oibreoir bia agus beathaithe, ó fheirmeoirí agus próiseálaithe go miondíoltóirí agus lónadóirí, as a chinntiú go sroicheann bia a chuirtear ar mhargadh an AE an caighdeán sábháilteachta a cheanglaítear. Trasnaíonn forfheidhmiú na reachtaíochta sin roinnt mhaith Ranna/Gníomhaireachtaí agus tá grúpa oibre idirghníomhaireachta bunaithe ag an FSAI chun a chinntiú go mbeidh obair éifeachtach thrasrannach ar siúl.<br><br>Díríonn an tuarascáil seo faoi dhul chun cinn ar fhreagrachtaí na Roinne Talmhaíochta agus Bia, arb éard iad a príomhthascanna:<br>(a) gléasraí beathaithe agus bia a chlárú agus a athcheadú, lena n-áirítear áitribh mhiondíola a chlárú,<br>(b) oiliúint a chur ar phearsanra uile DAF a bhíonn páirteach i láimhseáil bia agus beathaithe<br>(c) clár neamhspleách iniúchta a chur i ngníomh<br>(d) saotharlanna a chreidiúnú<br>(e) ionchur sna treoracha i dtaobh cleachtas maith sláinteachais agus sa Phlean Rialúcháin Náisiúnta Ilbhliantúil.<br><br>(a) Táthar ag leanúint ar aghaidh ag athchlárú áitreabh bia agus beathaithe, bunaithe ar thorthaí na scrúduithe rioscbhunaithe ar áitribh feola, próiseála bainne agus | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | beathaithe. Go dtí seo, tá na caighdeáin a cheanglaítear leis an reachtaíocht sroichte ag 128(70%) as 184 ghléasra feola agus rinneadh athcheadú orthu sin. Tá láncheadú tugtha do 102 díobh. Tá ceadú coinníollach tugtha don 26 eile i leith cuid dá ngníomhaíochtaí, nó ina leith go léir. Táthar ag súil go gcríochnófar an próiseas cigireachta le haghaidh athcheadú go substaintiúil i rith na bliana 2007.<br><br>(b) Tá oiliúint curtha ar na Cigirí Táirgí Déiríochta go léir atá ag glacadh páirt i gcigireacht bhia agus tá clár oiriúnach á fhorbairt chun oiliúint a chur ar Chigirí Tréidliachta agus ar fhoireann chúnta agus leathnófar an clár sin amach go luath.<br><br>(c) Bunaíodh aonad iniúchta inmheánaigh le foireann oilte don tSeirbhís Chigireachta Sláinte Poiblí Tréidliachta (VPHIS) le déanaí. Tá struchtúir agus nósanna imeachta forbartha ag an aonad seo chun a chinntiú go mbeidh na hiniúchtaí a dhéanfar ag teacht leis na critéir neamhspleácha a cheanglaítear le Pacáiste Sláinteachais an AE. Ar leanúint ón iniúchadh ar rialúcháin ar Ghlacadh Isteach Eallaí i nGléasraí lena Marú a gabhadh de láimh in 2006, tá trí iniúchadh eile ar réimsí éagsúla rialúchán oifigiúil laistigh de réimse na Sláinte Poiblí Tréidliachta ar na bacáin don bhliain 2007.<br><br>Tá obair mhaith déanta cheana féin ó thaobh Aonad Iniúchta comhchosúil a bhunú don Déiríocht, d'Earraí Beathaithe, do Shláinte Plandaí agus do Lotnaidicídí. Tá baill foirne ceaptha agus tá nósanna imeachta á bhforbairt faoi láthair chun iniúchtaí a sheoladh.<br><br>(d) Tá dul chun cinn nach beag déanta maidir le roinnt mhaith saotharlann de chuid na Roinne a chreidiúnú, le líon na modheolaíochtaí a shroich an caighdeán ISO 17025, a cheanglaítear, á leathnú i gcónaí. Tá tuilleadh forbairtí idir lámha sa réimse tábhachtach seo.<br><br>(e) Tá na Pleananna Rialúcháin Náisiúnta Ilbhliantúla le haghaidh beatha d'ainmhithe, sláinte plandaí, agus sláinte agus leas ainmhithe, críochnaithe agus táthar á gcur in eagar. Tá an dréacht a bhaineann le bia ullmhaithe ag an Roinn agus curtha faoi bhráid an FSAI lena ionchorprú sa phlean foriomlán atá á ullmhú ag an gcomhlacht sin. Táthar ag súil go mbeidh an plean comhaontaithe ar fáil faoi mhí Aibreáin 2007. | |
| | 3 | Tacóidh DAF le taighde agus cláir a éascóidh measúnú cruinn ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann ó éilleáin | B |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | bhia nó ábhar truaillithe in aiste bia tomhaltóirí. | |
| | 3 | Cuireann an Roinn Plean Náisiúnta Iarmhar cuimsitheach i ngníomh chun tomhaltóirí a chosaint ó iarmhair neamhdhleathacha, trí raon earraí bia a shampláil chun a sheiceáil an bhfuil rianta substaintí neamhdhleathacha iontu agus trí dhéileáil le haon torthaí dearfa leis an ngníomh forfheidhmithe is gá, lena n-áirítear caingean dlí a thionscnamh; fch.Gníomh 6 a leanas.<br>Bhí sábháilteacht bhia san áireamh mar théama taighde ag an nGairm ó Bheart Taighde Institiúideach Bia (Firm) 2006. Ceadaíodh IUNA (Comhaontas Cothúlachta Ollscoileanna na hÉireann) le haghaidh maoiniú ó FIRM agus ón FSAI chun taighde a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht chothúil aistí bia leanaí agus déagóirí Éireannacha. Ag tógáil ar an 'Staidéar ar Aiste Bia Leanaí', arna mhaoiniú ag FIRM agus ag an FSAI, déanfaidh an taighde seo uasghrádú ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta Comhábhar Bia; soláthróidh sé measchán ar na méideanna breiseachán bia roghnaithe a chaitheann leanaí 5 bliana go 12 bhliain d'aois, agus forbróidh sé bunachar sonraí maidir le comhdhéanamh bia; fch. freisin Gníomh 19.<br>Dámhaíodh maoiniú foriomlán €8.1 m faoi Ghairm 2006 ó FIRM chun tionscadail taighde a dhéanamh le sábháilteacht bhia agus slándáil sa bhiashlabhra mar théama acu. Ina theannta sin, chomhaontaigh Seirbhís Rialúcháin Lotnaidicídí na Roinne bheith ina hinstitiúid chomhpháirteach chun comhairle agus maoirsiú a thabhairt do thionscadail taighde a dtacaíonn FIRM leo i réimse nochtaithe tomhaltóirí d'iarmhair lotnaidicídí sa bhia. Tá measúnú á dhéanamh ar úsáid teicníochtaí chun measchán níos réadúla ar fhíorleibhéil nochtaithe tomhaltóirí a sholáthar. | |
| | 4 | Déanfaidh DAF breisfhorbairt ar chórais reatha ar inrianaitheacht ainmhithe ag teacht le hábhar imní sláinte agus tomhaltóirí a bheidh ag teacht chun cinn. | B |
| | 4 | Forbraíodh córais chuimsitheacha inrianaitheachta do bhólacht, caoirigh, muca agus gabhair chun feabhas a chur ar mhuinín tomhaltóirí i gcaighdeáin sábháilteachta bia. Tá siad seo á gcur i ngníomh agus á bhforbairt ar bhonn leanúnach.<br><br>Rinneadh leagan amach nua ar chláir thréad caorach agus doiciméid seolta, atá saincheaptha a bheith caoithiúil d'úsáideoirí agus laghdú a dhéanamh ar mhéid na dtaifead a chaithfear a choimeád faoin gCóras Náisiúnta Céannachta Caorach, a dáileadh ar gach coimeádaí tréad caorach i mí na Samhna 2006. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Tá obair ar siúl freisin chun córas inrianaitheachta bólachta a fhorbairt bunaithe ar an idirlíon. | |
| | 5 | I gcomhairle leis an FSAI agus An Roinn Sláinte agus Leanaí, cinnteoidh DAF go mbeidh an leibhéal is airde seirbhísí saotharlainne ar fáil chun caighdeáin sábháilteachta bia a choimeád. Ina thaobh sin, déanfar breisfhorbairt ar shaotharlanna lárnaithe na Roinne seo ag Bacastún agus úsáidfidh DAF agus an tionscal agraibhia iad mar ionad eolaíochtbhunaithe. | C |
| | | Tá na saotharlanna nua i mBacastún críochnaithe agus i mbun oibre anois. Tá formhór na ngníomhaíochtaí reachtúla agus rialála eile a ghabh seirbhísí saotharlainne na Roinne de láimh aistrithe ó láithreáin áirithe eile go dtí Bacastún, agus tá na seirbhísí ar fad, geall leis, coimisiúnaithe. Ós rud é go bhfuil an obair ullmhúcháin déanta, féadfar fuadar a chur anois faoi fhorbairt na saotharlanna nua mar lárionad eolaíochtbhunaithe don tionscal agraibhia. | |
| | 6 | Feidhmeoidh DAF Rialacháin Míochainí Tréidliachta agus Leigheasanna Ainmhithe chun cosaint a thabhairt do thomhaltóirí óna nochtadh d'orgánaigh a bhféadfadh dochar a bheith iontu. | B |
| | 6 | Cosantar tomhaltóirí óna nochtadh d'iarmhair a d'fhéadfadh bheith urchóideach tríd an reachtaíocht Leigheasanna Ainmhithe, faoina rialáiltear míochainí tréidliachta, a fhorfheidhmiú. Déantar faireachán freisin ar earraí bia faoin bPlean Náisiúnta um Iarmhair, chun iarmhair substaintí urchóideacha a bhrath. Cuirtear an réimeas faireacháin i gcrích faoi chonradh leis an FSAI agus de réir cheanglais an AE. In 2005, tástáladh 45,827 sampla d'earraí bia le haghaidh iarmhar faoin réimeas nuair ba 0.2% leibhéal na samplaí dearfa (94 shampla), figiúir is laghdú ar fhigiúirí 2004. Ní bhfuarthas iarmhair thionscnóirí fáis ar bith in 2005. Léiríonn réamhthorthaí don bhliain 2006 go bhfuiltear ag leanúint ag comhlíonadh na gceanglas go dtí ardleibhéal, mar atá le blianta beaga anuas. Beidh torthaí críochnaitheacha ar fáil i mí Aibreáin.<br><br>Mar fhocal scoir, rinneadh uasghrádú substaintiúil in 2005 ar na rialacháin leigheasanna ainmhithe, chun éifeacht a thabhairt don Treoir Míochainí nua ón AE; Fch. Gníomh 146 | |
| | 7 | Leanfaidh DAF ag cur sárchleachtas ó thaobh sábháilteachta agus ardchaighdeán bia chun cinn, ag aithint a dtábhacht do thomhaltóirí agus an buntáiste iomaíochta a sholáthraíonn cleachtais den sórt sin, go háirithe i gcomhthéacs iomaíochais le hallmhairithe ar chostas íseal. | B |
| | 7 | Is bunchuid d'obair na Roinne í sábháilteacht agus | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | cáilíocht bhia a chur chun cinn. Tacaíonn córais sofaisticiúla inrianaitheachta ainmhithe le ceanglais maidir le sábháilteacht agus cáilíocht, agus bíonn ionchur ag líon os cionn 1,700 ball foirne sna seirbhísí monatóireachta, faireacháin agus cigireachta ó nasc go nasc sa bhiashlabhra. Leagtar amach i nGníomhartha 1 agus 2 thuas na gníomhaíochtaí leanúnacha i réimse fhorfheidhmiú na ndlíthe bia ag DAF, agus faigheann gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna agus cur chun cinn sábháilteachta bia ag an FSAI agus ag BiaSlán tacaíocht ghníomhach ón Roinn. Tá an Bord Bia tar éis a bheith gníomhach chun Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm i leith mairteola, muiceola, éanlaithe, uibheacha agus gairneoireachta agus tá obair mhaith déanta cheana féin chun scéim cáilíochta uaineola a fhorbairt. | |
| | 8 | Breithneoidh DAF bealaí le cur le húsáid córais inrianaitheachta ainmhithe atá ann cheana chun margaíocht a dhéanamh ar tháirgí bia agus iad a lipéadú. | B |
| | 8 | Úsáideadh córais inrianaitheachta DAF chun tacú le héilimh arna ndéanamh faoi Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta an Bord Bia agus le héilimh faoi lipéadú saorálach arna ndéanamh ag miondíoltóirí agus gléasraí feola áirithe<br><br>Dhírigh tionscadail taighde freisin ar naisc a fheabhsú idir córais inrianaitheachta agus margaíocht táirgí. Dámhaíodh cúnamh deontais €1.1m faoi ghairm 2006 ó FIRM ar thaighde (i) chun prótacal a fhorbairt a bhainfidh úsáid as bithmhéadracht leithleach ainmhnithe agus córais úrscothacha ríomh-rianaithe ar chostas íseal chun bunús agus stair éanlaithe/táirgí éanlaithe sa bhiashlabhra a dhearbhú agus (ii) bitascairí chun mairteoil Éireannach féar-bheathaithe a fhíorú. Cuideoidh torthaí an taighde rioscaí seachtracha mar fhliú éanúil a bhainistiú, freastal ar éileamh ó thomhaltóirí ar eolas faoi cé as a thagann táirgí, táirgí a chur ar chomhréim le buntáiste cothúil agus fáil ar scothmhargaí a thabhairt ar an gcaoi sin do tháirgeoirí agus don tionscal. | |
| | 9 | Ba chóir do chomhlachtaí feirme tiomantas a thabhairt d'uasrannpháirtíocht comhaltaí i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta maidir le gach beostoc, gránach agus táirge gairneoireachta. | B |
| | 9 | Ghlac na heagraíochtaí feirmeoireachta páirt ghníomhach i gcur chun cinn na scéime dearbhaithe cáilíochta mairteola ar feadh na bliana 2006 mar aon leis na gníomhaireachtaí stáit iomchuí agus próiseálaithe iomchuí. Ina theannta sin, tá ionadaíocht acu ar na coistí comhairleacha le haghaidh scéimeanna éagsúla | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | lena gcomhaontaítear na caighdeáin atá le cur i ngníomh. Ghlac na heagraíochtaí feirmeoireachta páirt ghníomhach freisin i gcéimeanna forbartha na scéime nua Dearbhú Cáilíochta Uaineola a thabharfar isteach in 2007. | |
| | 10 | Cuirfidh Bord Bia chun cinn go gníomhach an rannpháirtíocht is mó sna scéimeanna dearbhaithe cáilíochta atá ann do mhuiceoil, éanlaithe agus uibheacha. | B |
| | 10 | Tá feachtais ar siúl go leanúnach ag an mBord Bia chun leibhéil rannpháirtíochta a chur chun cinn agus tá comhaltaí ag DAF ar Bhord an Bord Bia agus ar an bhFo-Bhord Dearbhaithe Cáilíochta. Is é an staid atá ann faoi láthair ná go bhfuil na príomhphróiseálaithe / príomhphacálaithe go léir sna hearnálacha muiceola, uibheacha agus éanlaithe ag glacadh páirt i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta an Bord Bia. Tá aitheantas EN45011 ag an gcaighdeán cáilíochta Muiceola. Tá athbhreithniú á dhéanamh in 2007 ar an Scéim Dhearbhaithe cáilíochta éanlaithe agus áireofar ann gluaiseacht i dtreo lánchreidiúnú suas go dtí caighdeán EN45011. Ba í an Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Uibheacha an chéad scéim de chuid an Bord Bia chun creidiúnú EN45011 a bhaint amach agus cuidíonn an scéim seo go mór uibheacha a chur chun cinn ag leibhéal na dtomhaltóirí. | |
| | 11 | Spreagfaidh DAF na rannpháirtithe sa tionscal mairteola chun comhaontú ar mheicníocht maoinithe cuí agus socair don Scéim Dhearbhaithe Cailíochta Mairteola. Ag glacadh leis gur féidir teacht ar chomhréiteach le páirtithe leasmhara, cuirfear maoiniú státchiste ar fáil chun cuidiú cuid de na costais a íoc. | A |
| | | Ar leanúint ó ghrinnphléití ar ghlac na páirtithe leasmhara go léir páirt iontu, thángthas ar chomhaontú maidir leis an mbealach chun cinn i mí Bealtaine 2006. Dá bharr sin, chuir DAF €1.9 m ar fáil in 2006 chun preabthús a chur le leathnú Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Mairteola EN45011. Tá suim chomhchosúil á cur ar fáil don bhliain 2007. | |
| | 12 | Ba chóir do phróiseálaithe mairteola agus do Thionscal Feola na hÉireann (MII) leanúint ar aghaidh go gníomhach ag cur chun cinn agus ag tacú le leathnú na Scéime Dearbhaithe Cáilíochta Mairteola. | B |
| | 12 | Leanann comhaltas Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta an Bord Bia á leathnú. Scrúdaíodh os cionn 4,000 sealúchas in 2005. Méadaíodh an líon seo go dtí 14,000 in 2006 agus faoi dheireadh 2008 beartaítear 35,000 feirmeacha a bheith páirteach sa scéim, leis na scrúduithe is dual dó sin déanta faoin dáta. | |
| | 13 | Comhfheidhmeoidh Táirgeoirí, Próiseálaithe, DAF agus | C |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | an Bord Bia scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Caoireola chun modhanna táirgíochta a dhíriú d'éilimh margadh feola sa bhaile agus thar lear. | |
| | | Ar bhonn na Straitéise Caorach, tá maoiniú ón Státchiste á chur ar fáil le haghaidh Scéime Dearbhaithe Cáilíochta Uaineola, a thabharfar isteach in 2007. Beidh mórthréada tráchtála i gceist sa scéim, a mbeidh mar chuspóir léi 11,000 scrúduithe a sheoladh i mbliana. Comhshealúchais eallaí/caorach a bheidh in 10,000 acu seo agus oibríochtaí aonair a bheadh i 1,000 acu. | |
| | 14 | Tógfar céimeanna forghníomhacha i gcomhar leis an tionscal chun lipéadú tír bhunaidh a thabhairt isteach agus chun tacú le scéimeanna Dearbhaithe Cailíochta chun táirgí éanlaithe agus muiceola na hÉireann a idirdhealú. | C |
| | 14 | Táthar ag cur críoch faoi láthair le dréachtrialacháin nua, lena gceanglófar ar oibreoirí sna hearnálacha miondíola agus lónadóireachta eolas tír bhunaidh a sholáthar maidir le feoil éanlaithe, muiceoil agus caoireoil. Nuair a bheidh críoch leo cuirfear iad faoi bhráid Choimisiún na hEorpa lena cheadú, de réir cheanglais reachtaíochta an AE. | |
| | 15 | Athbhreithneofar agus treiseofar feidhmiú an Phainéil Tomhaltóirí lena chinntiú go mbeidh dearcaí na dtomhaltóirí a bheidh cothrom le dáta ar fáil maidir le gníomhaíochtaí na Roinne. | C |
| | 15 | Tá athbhreithniú a dhéanamh ag an Roinn faoi láthair i ndáil leis treoir a thógfaidh an Painéal Tomhaltóirí amach anseo. | |
| | 16 | Achtóidh na Ranna cuí an bunús reachtach iomchuí agus feidhmeofar réimeas lipéadaithe bia chun an t-uasmhéid eolas a sholáthar do gach tomhaltóir maidir le "tír bhunaidh". Beidh feidhm aige sin sa chéad dul síos i gcás táirgí mairteola agus leathnófar é chomh tapa agus is féidir chuig feolta eile. | B |
| | 16 | Rinneadh rialacháin faoi lipéadú Tír Bhunaidh i mí an Mheithimh 2006, ag leathnú na gceanglas mairteoil a lipéadú go dtí an earnáil lónadóireachta.<br>Maidir le feolta eile, tá aighneacht faoi lipéadú tír bhunaidh curtha ag an Roinn seo faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí (a dhéanann comhordú ar an ionchur Éireannach) chuig Stiúrthóir Ginearálta phróiseas comhchomhairliúcháin *Sanco* ar an ábhar. Dheimhnigh an aighneacht seo gurb í an rogha is fearr lipéadú bunaidh a dhéanamh ar fheoil agus ar tháirgí feola agus dheimhnigh sé go bhfuil se inmhianaithe reachtaíocht chomhchoiteann a bhainfidh leis an AE ar fad a bheith ann mar thacaíocht do réimeas lipéadaithe. Tá dréacht-reachtaíocht ullmhaithe chun bearta náisiúnta a chur i ngníomh agus táthar á plé leis an | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Roinn Sláinte agus Leanaí roimh í a sheoladh chuig an AE lena ceadú. | |
| | 17 | Oibreoidh DAF, i gcomhar le gníomhaireachtaí Stáit, leis an tionscal bia chun fócas cothaithe a fhorbairt ó thaobh forbairt agus margaíocht táirgí. | B |
| | 17 | Tá Gairm déanta ag Fiontraíocht Éireann ar thionscadail taighde ar chomhábhair feidhmiúla bunaithe ar dhéiríocht a dhíreoidh ar tháirgí nua a fhorbairt a mbeadh cumas láidir tráchtála iontu. Ghlac DAF páirt sa phróiseas measúnaithe tionscadal a mbeidh mar thoradh air infheistíocht suas le €15m ó Fiontraíocht Éireann agus ó mhórchuideachtaí déiríochta.<br><br>Féachfaidh an tionscnamh le húsáid a bhaint as na hacmhainní taighde, atá maoinithe go poiblí, is fearr atá ar fáil chun deis a thabhairt do chuideachtaí tairbhe a bhaint go gasta as an éileamh idirnáisiúnta ar chomhábhair fheidhmiúla atá á leathnú i gcónaí. Díreoidh an clár ar tháirgí le feidhmeanna sonracha cothúla, le béim á cur ar "daoine folláine a choimeád folláin". Bainfidh sé úsáid as an teicneolaíocht is déanaí ar fad a bhaineann le saothrú bainne, mearscagadh measúnachta, déantúsaíocht GMP agus staidéir ar idirghabháil ag daoine.<br><br>An éifeacht dhíreach a bheidh leis ná táirgeadh déiríochta a aistriú ó thráchtearraí chuig feidhmeanna níos airde luacha i dtéarmaí amhábhair a úsáid agus bia nua do thomhaltóirí a fhorbairt. | |
| | 18 | Coimisiúnóidh DAF tuilleadh taighde sa réimse cothaithe daonna agus bia-eolaíocht, lena n-áirítear riachtanais aiste bia, measúnuithe cothaithe, comhdhéanamh bia agus úsáidí bia, chun eolas a sholáthar don tionscal bia chun tacú le nuálaíocht, forbairt táirgí nua agus cur chun cinn táirgí. | B |
| | 18 | Cuireadh na téamaí seo san áireamh i nGairm 2006 ó FIRM, tar éis dul i gcomhairle le comhlachtaí taighde agus leis an tionscal. Ar leanúint ó mheasúnú seachtrach, tá maoiniú €30m ceadaithe do 57 tionscadal; is ar thaighde ar Bhia agus Sláinte, ag baint úsáide as comhábhair déiríochta, feola, gránach agus torthaí agus glasraí, atá €11m de le caitheamh. Samplaí de na tionscadail ná tástálacha a fhorbairt mar bhunchloch do chlár taighde ar ghéanómaíocht bainne; saineolas agus próisis a fhorbairt chun taighde nútraiceodach ar fheoil a thionscnamh in Éirinn; comhábhair agus táirgí ardchothúla bunaithe ar choircí a dhéanamh do na tionscail bia, gránach agus deochanna feidhmiúla; béilí réamhullmhaithe fuaraithe ar ísealsalann a athfhoirmliú | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | le sábháilteacht chothúil agus blas níos fearr; teicneolaíochtaí a fhorbairt chun airí frithailse i gcairéid a fheabhsú tar éis a bpróiseálaithe agus eolas níos fearr a fháil ar fhoirmliú aráin íseal-ghliceamais | |
| | 19 | Scrúdóidh DAF patrúin úsáide bia agus ithe bia i measc daonra na hÉireann i gcomhar le Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile chun réimsí a chinneadh do tháirgeadh bia, margaíocht agus tionscnaimh chur chun cinn. | B |
| | 19 | Chomh-mhaoinigh DAF agus an FSAI Staidéar Eolaíochta ar Aiste Bia Leanaí ag Comhaontas Cothúlachta Ollscoileanna Éireann (IUNA). Thaispeáin sé seo go raibh méadú tagtha ar ró-raimhre i leanaí, i gcailíní ach go háirithe; an ról criticiúil atá ag tuismitheoirí agus an timpeallacht baile chun nósmhaireacht itheacháin, aiste bia agus nósanna gníomhaíochta choirp aoisghrúpa 5 bliana – 12 bhliain d'aois a mhúnlú; an méid salainn a chaitear os cionn an mhéid a mholtar agus an méid gairbhsí, torthaí agus glasraí, bainne agus feola úr a chaitear faoi bhun an mhéid a mholtar agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar nósanna itheacháin toighseacha. Tá torthaí an Staidéir ar fáil lena n-úsáid ag páirtithe eile agus tá taighde coimisiúnaithe ag an tionscal ó IUNA.<br><br>I mí Feabhra 2007, sheol an tAire an Tionscnamh Bia Folláin a Ithe chun clár Food Dude a chur ar fáil ar bhonn náisiúnta i mbunscoileanna. Baineann sé seo úsáid as athbhlaiseadh, duaiseanna agus piarmhúnlaí chun athrú a dhéanamh ar dhearcaí agus nósmhaireacht, agus fuair scéim píolóta freagairt an-dearfach ó pháistí, múinteoirí agus tuismitheoirí. Tá an Bord Bia ag stiúrú an chláir, a bhfuil €4 milliún leithroinnte air in 2007 agus leanfar leis sin faoi réir measúnachta. Cuireadh níos mó táirgí déiríochta san áireamh sa scéim bainne scoile chun cur lena gcumas meallta. Táthar buíoch as an gcomhar ó Ranna eile sna réimsí seo.<br><br>Tá DAF, i gcomhar leis an FSAI ag maoiniú breis taighde chun tairbhe a bhaint as cumas shonraí an Staidéir Eolaíochta maidir le forbairt na hearnála bia. | |
| | 20 | Oibreoidh DAF le Rialtais eile agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta eile chun treochtaí agus patrúin domhanda a aithint maidir le saincheisteanna a bhaineann le cothú agus chun freagraí tionscail bia cuí a chur chun cinn. | B |
| | 20 | In 2006, ghlac DAF páirt, in éineacht leis an Roinn Sláinte agus Leanaí (DOHC) i gComhdháil Reigiúin Eorpaigh de chuid WHO/FAO (An Eagraíocht Sláinte Domhanda/An Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta) sa Róimh ar straitéisí chun ró-raimhre a chomhrac agus | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | labhair siad faoi chomh maith a d'éirigh le Food Dude faoi chomh tábhachtach atá sé a thuiscint céard a thugann ar thomhaltóirí a gcinntí a dhéanamh. I mí na Samhna 2006 ghlac Airí Sláinte WHO le Cairt ar Ró-Raimhre in Iostanbúl. I measc na ndámhachtainí ar an ócáid sin bhí ceann don chlár Éireannach Food Dude. Rinne DAF rannchuidiú freisin le DOHC i ndáil le polasaí WHO ar chothú daonraí agus bhí cruinnithe aici le grúpaí ón tionscal maidir leis na forbairtí seo. | |
| | 21 | Chun buntáistí cothaithe bainne agus táirgí bainne a chur chun cinn, seolfaidh DAF i gcomhar leis an tionscal déiríochta, scéim nua Bainne Scoile. | A |
| | 21 | Seoladh Scéim nua Bainne Scoile i mí Lúnasa 2006 a bhfuil mar aidhm aici an méid bainne a ólann daltaí scoile a mhéadú. Tá teachtaireacht dhearfach sláinte/cothúlachta ag an scéim nua agus tá raon níos fairsinge táirgí bainne san áireamh inti: bainne blaisithe agus bainne beagmhéathrais ina measc. Mar chuid den seoladh, chuir an Roinn maoiniú ar fáil chun 1,000 cuisneoir a sholáthar, agus leithroinneadh iad ar bhunscoileanna ar fud na tíre. | |
| | 22 | Leathnóidh Teagasc a chlár taighde ar bhia agus ar shláinte tuilleadh chun comhpháirteanna a d'fhéadfadh a bheith ann do bhia a aithint a mbeidh tionchar dearfach acu ar shláinte agus beidh siad rannpháirteach go gníomhach i dtaighde i dtreo nútraiceodach a fhorbairt. | B |
| | 22 | San fhís chomhaontaithe nua do thaighde bia ag Teagasc, tugtar tosaíocht do bhia don tsláinte agus do thaighde i réimsí bia feidhmiúil agus nútraiceodacha. Éascaítear cur i ngníomh na bpleananna trína rannpháirtíocht i ngairm FIRM 2006 faoin téama Bia agus Sláinte agus tríd an gcinneadh a rinneadh an tAire Uí Chochláin gur féidir le Teagasc €27m. a choinneáil ó dhíol a mhaoine. Tá pleananna le haghaidh na saoráidí is ga chun an clár taighde seo a chomhlíonadh dulta chun cinn anois go dtí céim an iarratais ar chead pleanála. | |
| | 23 | Tabharfar tús áite do thaighde tánaisteach chomh maith le taighde margaidh le tacú leis na deiseanna a bheidh ar fáil d'earnáil bia na hÉireann chun táirgí bia cuí a fhorbairt agus a sholáthar le freastal ar dhéimeagrafacht atá ag athrú ó thaobh margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. | B |
| | 23 | Tá taighde margaidh ina bhunchuid de straitéis an Bord Bia. Soláthraíodh maoiniú €0.5m in 2006 chun taighde a dhéanamh ar mhargaí Mór-Roinne an AE agus deiseanna i margaí na hÁise. Cuireadh torthaí taighde ar threochtaí tomhaltóirí i margaí an Reachta Aontaithe agus na hÉireann ar fáil don tionscal agus, trí Fhóraim Réigiúnda Bia, do mhiontáirgeoirí agus gnóthais bheaga | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | bia. Féach freisin Gníomhartha 17 agus 18 i ndáil le taighde tánaisteach. | |
| **Iomlán: 23, A-2, B-17, C-4, D-0._____Céatadán A&B=_83%** | | | |

| AG CUR LENÁR MBONN EOLAIS | | | |
|---|---|---|---|
| ***Stádas**<br>**A: Gníomh curtha i gCrích B: Gníomhaíocht curtha i bhfeidhm ach obair leanúnach ag teastáil**<br>**C: Gníomh Substaintiúil Déanta D: Is beag an Gníomh atá Déanta** | | | |
| HOD | Uimh. | Gníomh | Stádas |
| | 24 | Tabharfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia tosaíocht do mhaoiniú níos mó do Thaighde agus Forbairt sa chéad Phlean Forbartha Náisiúnta eile 2007-2013 | A |
| | | Déantar soláthar san NDP 2007-13 do mhaoiniú €641 milliún le haghaidh taighde agraibhia. Tabharfaidh gníomhaíocht faoin bhfochlár R & D tacaíocht eolaíochta don earnáil agus cuideoidh sí an t-eolas agus na teicneolaíochtaí nua a ghiniúint atá ríthábhachtach chun tionscal inbhuanaithe agus dírithe ar mhargaí a chothú. | |
| | 25 | Cinnteoidh DAF go mbeidh a chláir thaighde iomaíoch maithe poiblí (FIRM, RSF, COFORD), dírithe ar riachtanais na hearnála agus go leanfaidh siad ag éascú le comhoibriú agus tógáil cumais in ionaid taighde na hÉireann. | B |
| | 25 | Rinneadh Gairmeacha, in 2006, faoin dá chlár taighde iomaíoch maithe poiblí, FIRM agus an Ciste Spreagtha Taighde (RSF). Tugadh maoiniú do líon iomlán 58 tionscadal faoi FIRM agus do 35 faoin gCiste Spreagtha Taighde (RSF). Chun a chinntiú go raibh na Gairmeacha ag teacht le riachtanais na hearnála agraibhia, eagraíodh seisiúin chomhchomhairliúcháin roimh ré leis na páirtithe leasmhara iomchuí sular dréachtadh téacs na ngairmeacha.<br>Chun comhoibriú agus tógáil cumais a éascú in institiúidí taighde, dhírigh an dara Gairm ó FIRM i mí Lúnasa 2006 go sonrach ar threalamh straitéiseach, oideachas do chéimithe agus líonra taighde / tógáil foirne d'fhonn saineolas i dteicneolaíochtaí nua a chur chun cinn, foirne taighde a fhorbairt a d'fhéadfadh dul in iomaíocht ag leibhéal an AE. Chomh maith leis sin thug COFORD maoiniú do 53 tionscadal in 2006.<br>In 2007, damhaíodh €4.8m do DAF ó chiste iomaíochta na Straitéise Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (SSTI) agus táthar ag súil le maoiniú €9 milliún in 2008. | |
| | 26 | Cinnteoidh DAF go dtacóidh taighde táirgeadh talmhaíochta, lena n-áirítear taighde socheacnamaíochta, le hearnáil feirmeoireachta bhrabúsach iomaíoch a bheidh inbhuanaithe i ndáil le caighdeán ithreach, uisce, aeir agus le biteicneolaíocht agus is príomhchuid é sin d'eacnamaíocht tuaithe bhríomhar. | B |
| | | Bhí gairm 2006 ón gCiste Spreagtha Taighde dírithe go láidir ar thalmhaíocht inbhuanaithe. San áireamh sa | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ghairm, tá téamaí mar an Agrai-Chomhshaoil, Bithéagsúlacht, Agra-Eacnamaíocht agus Beartas, Eolaíochtaí Bitheacha Ainmhithe agus Eolaíochtaí Bitheacha Plandaí.<br>Ag leibhéal AE, is iad na Creatchláir le haghaidh R & D príomhionstraimí an AE chun tacú le taighde comhoibritheach. Tá ionchur na DAF tar éis a chinntiú go leanfar de bhéim shuntasach a chur ar tháirgeadh talmhaíochta i gclár oibre an 7ú Chreatchláir. | |
| | 27 | Cinnteoidh DAF go soláthróidh taighde bia bonn saineolais i dteicneolaíochtaí ginearálta chun tacú le tionscal bia nuálach, nua-aimseartha agus fócasaithe ar na tomhaltóirí, le haird ar shábháilteacht bia agus saincheisteanna ardchaighdeáin. | B |
| | 27 | Tagraíonn teicneolaíochtaí cineálacha don bhonn leathan eolais agus cumais eolaíochta atá ag teastáil ón tionscal bia. Aithníonn an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 go bhfuil gá ag an tionscal bia leis na teicníochtaí déantúsaíochta bia is nua-aimseartha chun bheith in ann oibriú go hiomaíoch agus tabhairt faoi fhorbairt táirgí nua. D'éirigh le Gairm FIRM an réimse seo a fhorbairt trí théamaí oiriúnacha gairme a fhorbairt tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus trí mhaoiniú a thabhairt do thionscadail taighde oiriúnacha, fiúntacha. Tugann gach ceann de na 58 tionscadal a mhaoinítear faoi FIRM tacaíocht do 1 - 2 mac léinn Dochtúireachta. Éascaíonn an dara Gairm FIRM i mí Lúnasa 2006 an príomhghníomh seo a thuilleadh, trí mhaoiniú a thabhairt 1) do Chlár forbartha iarchéime chun taithí ar an tionscal bia a thabhairt do mhic léinn Dochtúireachta, 2) do thionscnamh tógáil foirne chun díriú ar réimsí eolaíochta bia agus 3) do cheannach trealaimh, lena n-áirítear trealamh Speictriméadrachta Maise, trealamh Athshondais Núicléach Tríthoisigh, agus trealamh Anailíse Íomhánna Adamhach chun sainaithint agus anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar chomhpháirteanna bithghníomhacha agus struchtúir mhóilíneacha i mbia. | |
| | 28 | Tacóidh DAF, trí Theagasc agus a gcláir thaighde iomaíocha féin, le tógáil agus le treisiú cumas taighde i dteicneolaíochtaí nua, agus bainfidh leas as a bhfeidhmiú d'acmhainní nádúrtha lena n-áirítear talmhaíocht, bia, úsáidí talamh nach mbaineann le bia agus an bith-eacnamaíocht go ginearálta. | B |
| | | Croílár na nGairmeacha a eisíodh in 2006 faoin gCiste Spreagtha Taighde agus FIRM ná forbairt teicneolaíochtaí nua. Dhírigh na réimsí téamaí ar Eolaíochtaí Bitheacha nua agus ar chumas taighde a threisiú i dteicneolaíochtaí nua.<br><br>Tá Teagasc ag atheagrú a chuid acmhainní ina nIonaid | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Barr Feabhais, a thabharfaidh tacaíocht dóibh siúd atá ag gabháil don táirgeadh talmhaíochta agus bia, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, ar iomaíochas agus ar chumas freagartha don mhargadh. Leathnóidh sé na hacmhainní atá tiomanta don bhiteicneolaíocht chun gur féidir inniúlacht den scoth a fhorbairt i bpríomhréimsí roghnaithe, sna heolaíochtaí bitheacha bia agus plandaí ach go háirithe. Cuideoidh tacaíocht ón DAF don Ionad Eolaíochtaí Bitheacha Plandaí a osclaíodh le déanaí i dTeagasc, Páirc Darach, teicneolaíochtaí nua a fhorbairt i réimse na heolaíochta plandaí. | |
| | 29 | Cinnteoidh DAF go bhfeidhmeoidh na saotharlanna Talmhaíochta agus Tréidliachta nua DAF mar ionaid eolaíocht-bhunaithe agus déanfaidh siad iarracht iad a lánpháirtiú in infrastruchtúr taighde náisiúnta agus tacú lena rannpháirtíocht i dtaighde comhoibritheach. Lorgófar naisc trí chomhlachtaí lasmuigh chun é sin a bhaint amach. | C |
| | | Tá roinnt tástálacha sna saotharlanna nua creidiúnaithe agus tá tástálacha eile á n-ullmhú lena gcreidiúnú. Leanfar le tuilleadh taighde a dhéanamh i gcomhar le hOllscoileanna agus Institiúidí. | |
| | 30 | Eagróidh Teagasc a chuid acmhainní in ionaid barr feabhais, ionas go dtógfar íoslíon, go bhfeabhsófar cumas R&D faoi cheannas an mhargaidh. | B |
| | | Tá sár-dhul chun cinn déanta ag Teagasc i bhforbairt lárionad barr feabhais ina dhá ionad bia i mBaile Uí Mhaolmhordha agus i mBaile an Ásaigh. Tá pleananna tionscanta chun an fhís chomhaontaithe nua "Bia don tSláinte" a chur i ngníomh sa dá ionad. Tá mórchomhaontas taighde bia á fhorbairt ag Teagasc in éineacht leis an gColáiste Ollscoile, Corcaigh, a dhéanfadh breis dul chun cinn ar thógáil íoslín agus a chuirfidh feabhas ar chumas R & D faoi cheannas an mhargaidh.<br><br>Tá pleananna á ndéanamh chun an fhís chomhaontaithe don taighde talmhaíochta a chur i ngníomh, lena n-áirítear foirgnimh saotharlainne don Ionad Eolaíochta Bhitheacha Ainmhithe i nGráinseach agus cláir fheabhsaithe taighde i gCaisleáin Bhaile Sheonach. I bPáirc na Darach, díreofar ar bharraí malartacha agus ar fhuinneamh inathnuaite, agus i gColáiste Mellows, Áth an Rí, tabharfar aird ar gheilleagar na tuaithe. | |
| | 31 | Leanfaidh Teagasc ag forbairt a choláistí talmhaíochta chun cúrsaí oideachais agus oiliúna a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais scileanna an tionscail agraibhia. Leathnóidh Teagasc ról na gcoláistí freisin, chun go mbeidh ról níos fearr á ghlacadh acu i sochaí na tuaithe. | B |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Tá an plean gníomhaíochta chun an tAthbhreithniú ón bhFóram ar chláir Oideachais agus Oiliúna Teagasc a chur i ngníomh comhaontaithe ag Údarás Teagasc agus táthar á chur i ngníomh. Áirítear i measc na gcuspóirí atá sa phlean seo: oiliúint a chur ar fáil a fhreastalóidh ar riachtanais scileanna na hearnála agraibhia agus ról na gcoláistí a leathnú chun ról níos fearr sa sochaí a ghlacadh. Ta líon níos mó ná 90% de mholtaí an Fhóraim curtha i ngníomh anois. Sna samplaí seo a leanas léirítear cuid de na modhanna ina bhfuil ról na gcoláistí á leathnú:<br><br>1. Tá cúrsaí á dtairiscint sna coláistí go léir lasmuigh de ghnáth-uaireanta oibre chun freastal ar fheirmeoirí páirt-aimseartha. Tá na cúrsaí seo á gcur ar fáil ag an tseirbhís áitiúil chomhairleach i gcomhpháirt le foireann na gcoláistí .<br>2. Tá oiliúint bunaithe ar an obair curtha ar fáil d'oibrithe imirce i gColáiste Chill Daltún agus leathnófar sin go dtí coláistí eile.<br>3. Ceapadh triúr chomhordaitheoirí oideachais agus sannadh iad chuig coláistí agus chuig Aonaid Bhainistíochta Réimse (AMU) gaolmhara, agus é ina chuspóir acu acmhainní Teagasc a úsáid go héifeachtach chun freastal ar riachtanais athraitheacha foghlaimeoirí aosta.<br>4. Bunaíodh Coistí Réigiúnacha chun pleanáil a dhéanamh ar gach ghné de sheachadadh cúrsaí agus sin a chomhaontú idir na coláistí agus na AMU.<br>5. Bunaíodh clár taighde i gColáiste Bhéal Átha hÉis agus beartaítear cláir thaighde fheidhmeacha a bhunú sna coláistí go léir.<br>6. Seoladh "Talmhaíocht agus Bia 2006" i gColáiste Chill Daltún i mí an Mheithimh agus d'fhreastal 40,000 ball teaghlaigh feirme, ionadaithe ón tionscal agraibhia agus daoine den phobal air.<br>7. Tá gníomhaireachtaí seachtracha á n-éascú chun saoráidí na gcoláistí a úsáid de réir mar is cuí.<br>Chomh maith leis sin, tosaíodh mórchlár caipitil sna coláistí in 2001. Go dtí seo, rinneadh infheistíocht €17 milliún chun saoráidí a uasghrádú. Tá tuilleadh infheistíochta suntasaí ag teastáil chun a chinntiú go mbeidh saoráidí oiliúna ar chomhchéim le saoráidí chomhpháirtithe oiliúna Teagasc sna hInstitiúidí Teicneolaíochta. | |
| | 32 | Tá grúpaí tráchtearraí Teagasc níos fearr á mbunú agus feidhmeofar cláir i gcomhpháirt leis an tionscal, a chothóidh glacadh luath agus leathan le teicneolaíochtaí nua | B |
| | | Tá grúpaí Tráchtearraí Níos Fearr bunaithe do na réimsí | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | seo: Déiríocht, Mairteoil, Caoirigh, Barraí, Comhshaol, Forbairt Tuaithe, Bainistíocht Feirme, Muisiriúin, Stoc Plandlainne, Bogthorthaí agus Glasraí. Bíonn gach eolas ag na foirne seo go léir ar theicneolaíochtaí nua agus bíonn ionchur gníomhach acu i bpleanáil agus seachadadh na seirbhísí comhairle agus taighde is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais an tionscail. | |
| | 33 | Leanfaidh torthaí R&D ar bhia á scaipeadh go tapa agus go forleathan chuig an tionscal trí RELAY, an clár scaipeadh taighde bia | B |
| | | Scaipeann RELAY na torthaí R & D is déanaí ar raon leathan úsáideoirí trí thuairiscí chun dáta ar thionscadail, trí cheardlanna agus cuairteanna ar chuideachtaí agus trí láithreáin ghréasáin, ar bhonn leanúnach. I mí na Samhna 2006, sheol an tAire foilseachán 'Bia ar Ard-Chaighdeán Bunaithe ar an Eolaíocht' inar leagadh amach cuid dar bhain FIRM amach ó thaobh taighde de. | |
| | 34 | Leanfaidh Teagasc ag cur béime ar a chinntiú go mbeidh torthaí R&D agus forbairtí teicneolaíochta foilsithe agus go n-aistreofar go tapa iad chuig cliaint trí chláir chomhairleacha agus oideachais. | B |
| | | Téann glacadh luath agus leathan teicneolaíochtaí nua sa talmhaíocht chun cinn trí fheirmeacha monatóire, pléghrúpaí, laethanta oscailte, seimineáir, comhdhálacha, nuachtlitreacha, tuarascálacha ar thionscadail, foilseacháin, seisiúin chomhairleacha duine le duine agus comhchláir leis an tionscal.<br>Scaiptear taighde bia Teagasc go gníomhach chuig an tionscal bia trí thionscadal RELAY, laethanta oscailte, seimineáir/comhdhálacha agus tuarascálacha ar thionscadail. Áirítear i measc na réimsí a bhain tairbhe as seo, eolas ar fhlóra putóige, agus sholáthraigh sé an bonn eolaíochta d'fhorbairt tráchtála in Ionad Cógasbhitheach an Bhia ag Teagasc/UCC agus chuir taighde i dTeagasc i mBaile an Ásaigh bonn faoi fhorbairt tráchtála ar shudóg nua píotsa agus táirgí nua saor ó ghlútan. Tá straitéis bainistíochta nuálaíochta chuimsitheach ar aistriú teicneolaíochta chuig cuideachtaí aonair á leanúint faoi láthair. | |
| | 35 | Leanfaidh DAF ag treisiú comhoibriú le Ranna agus le gníomhaireachtaí stáit eile chun cur chuige straitéiseach, neamhbhriste a bhaint amach do mhaoiniú R&D agus chun rannpháirtíocht agus maoiniú níos mó ón tionscal a bhaint amach. | B |
| | | Is gníomh leanúnach é an comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit eile agus éascaítear é trí rannpháirteachas i raon grúpaí trasrannacha. I gcomhthéacs R & D, tá páirt ghníomhach á glacadh ag an Roinn in D/ETE, Fiontraíocht Éireann, FORFÁS, Teagasc, An Bord Bia, coistí idir-rannacha agus grúpaí | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | eile chun cur chuige straitéiseach aontaithe i dtaobh straitéisí agus maoiniú R & D a bhaint amach. In 2006 d'fhorbair DAF comhthionscadail maidir le maoiniú, i gcomhpháirt leis an Ranna/Gníomhaireachtaí seo a leanas: 1) An Bord Taighde Sláinte ar 'Bia agus Sláinte', lena n-áirítear patrúin tomhaltais, banc géinte a fhorbairt, agus eolas ar shláinte chothúil daoine scothaosta, 2) An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir le tacú le cleachtais talmhaíochta agus foraoiseachta inbhuanaithe a bhaineann le timpeallachtaí screamhuisce, níotráití, gáis thrasteorannacha agus cheaptha teasa agus bithéagsúlacht, agus 3) An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha maidir leis na gnéithe feirmeoireachta a bhaineann le táirgeadh bithfhuinnimh. | |
| | 36 | Cuideoidh DAF le comhoibriú ó thaighdeoirí Éireannacha agus cuirfidh siad chun cinn iad i dtionscnaimh taighde idirnáisiúnta agus Creatchláir AE comhoibritheacha. | B |
| | 36 | Soláthraíonn an Roinn an Toscaire Náisiúnta agus an Pointe Teagmhála Náisiúnta do Chreatchláir R & D FP6 agus FP7 de chuid an AE agus cuireann sí eolas leanúnach, comhairle tacaíochta agus meantóireacht ar fáil do thaighdeoirí Éireannacha. Bhain taighdeoirí Éireannacha ocht gcomhpháirtíocht amach, lena n-áirítear an ról ceannais i dtionscadal mór amháin, a raibh luach maoinithe thart ar €3.7m air i nGairm dheireanach FP6 in 2006. San iomlán, d'éirigh le 64 fhoireann Éireannach i 40 tionscadal maoinithe i gClár 5 bliana FP6, a raibh luach maoinithe thart ar €15m orthu. | |
| | 37 | Déanfaidh Teagasc taighde ar tháirgiúlacht talmhaíochta, lena n-áirítear taighde chinntithigh soch-eacnamaíocha na táirgiúlachta talmhaíochta, ionas go gcuideoidh sin teacht ar thuiscint níos fearr ar iomaíochas | B |
| | 37 | Áirítear taighde san agra-eacnamaíocht agus sa socheolaíocht agus forbairt tuaithe i gClár Taighde Teagasc 2007. Is é an cuspóir atá leis tuiscint níos fearr a fháil ar réimsí inar féidir le teaghlaigh faoin tuath tabhairt faoi ghníomhaíocht bhrabúsach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí nua mar theicneolaíocht bhithmhaise / biteicneolaíocht, anailís eacnamaíoch ar iomaíochas agus tuiscint ar na bacainní ar athrú. Rinneadh atógáil ar an Ionad Taighde ar an nGeilleagar Tuaithe tar éis a athlonnaithe chuig Áth an Rí agus tá feabhas suntasach curtha ar a chumas taighde. | |
| **Iomlán: 14, A-1, B-12, C-1, D-0_____Céatadán A&B=_93%** | | | |

## AN tIOMAÍOCHAS A NEARTÚ

*** Stádas**

A: Gníomh curtha i gCrích

B: Gníomh Curtha i bhFeidhm ach obair leanúnach ag teastáil

C: **Gníomh Substaintiúil Déanta**

**D: Is beag an Gníomh atá Déanta**

| | Uimh. | Gníomh | Stádas |
|---|---|---|---|
| | 38 | Déanfaidh Éire an creat beartas is fearr a áirithiú mar aon leis an leibhéal tacaíochta is airde is féidir a bhaint amach i gcomhair earnáil na feirmeoireachta. Ar chaibidlí na Eagraíochta Trádála Domhanda, lorgóidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia toradh thar ceann an tionscail agraibhia ina iomláine a bheidh de réir na n-athchóirithe inmheánacha a bhfuiltear tar éis aontú leo cheana, agus féachfaidh sí, leis, le cothromaíocht chuí a choimeád idir iomaíocht onnmhairí agus rochtain ar mhargaí an AE. | C |
| | | Leanfaidh an Roinn, ar bhonn leanúnach, den leas náisiúnta a chosaint agus de thoradh sásúil a ghnóthú i leith an uile thogra beartais i leith an Chomhbheartais Talmhaíochta agus fhorbairt na tuaithe. Sa chomhthéacs seo, tabharfar aird ar leith ar ullmhúcháin don 'Scrúdú Sláinte' ar an gComhbheartas Talmhaíochta i mbliain a 2008 agus ar an athbhreithniú ar an Léargas Airgeadais, 2007-2013.<br>Tar éis na caibidlí a chur ar cairde i mí Iúil 2006 agus tar éis do na rannpháirtithe cromadh arís orthu gan bhladhmann i mí na Nollag 2006, cromfar arís ar na caibidlí go hiomlán ar bhabhta eile den Eagraíocht Trádála Domhanda i mbliain a 2007. Bíodh go bhfuil Éire tiomanta go mbeidh toradh fónta ar an gcaibidlíocht, is é seasamh na hÉireann ná nach mór cothromaíocht a bheith idir na míreanna éagsúla de chomhaontú nua (trádáil ar earraí tionsclaíocha, seirbhísí, an talmhaíocht, etc.) agus trí cholún na caibidlíochta ar an talmhaíocht (tacaíocht bhaile, fóirdheontais onnmhairiúcháin agus rochtain ar mhargaí). Is é an cuspóir bunúsach atá fós le gnóthú ná comhaontú nua a thabhairt chun críche a fhágfaidh nach gá tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta. Leanfaidh an Roinn de rannpháirtíocht iomlán a dhéanamh sa chaibidlíocht. | |
| | 39 | Tá an Rialtas tiomanta fós an líon barrmhaith feirmeacha teaghlaigh a chothú trí fheirmeoireacht tráchtála lánaimseartha a fhorbairt. Leanfaidh an Rialtais, in éineacht leis sin, de thimpeallacht eacnamaíoch a chur ar fáil ina bhféadfaidh feirmeoirí beaga leas a bhaint as deiseanna ar an bhfeirm agus | B |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | lasmuigh di araon d'fhonn a chinntiú go mbeidh an rath orthu san am atá romhainn amach. | |
| | | Déanann an Roinn caiteachas bliantúil ar fiú beagnach €2 bhilliún é le híocaíochtaí faoi Scéim na hÍocaíochta Aonair i gcomhair an chuspóra a bhaineann le ioncaim fheirmeoirí a chosaint agus líon barrmhaith d'fheirmeacha teaghlaigh a choinneáil. Fianaise bhreise iad cur i ngníomh na mbeart i bPlean Gníomhaíochta Agraifhís 2015 agus an Chaibidil Talmhaíochta in *I dTreo 2016* ar thimpeallacht a chruthú a bheidh ina cabhair don uile fheirmeoir lánaimseartha agus páirtaimseartha a rathúnas a ghnóthú san am atá romhainn amach. Tá na bearta seo ag cur leis an €8.7 billiún a gealladh sa Chlár Forbartha Náisiúnta 2007-2013.<br>Is é gealltanas an Rialtais seo ná leanúint de ghrúpa lárnach d'fheirmeoirí iomaíocha, lánaimseartha a chothú mar aon le timpeallacht eacnamaíoch a chur ar fáil ina bhféadfaidh táirgeoirí beaga leas a bhaint as deiseanna ar an bhfeirm agus lasmuigh di chun deimhin a dhéanamh dá gcuid rathúnais san am atá romhainn amach. Tá feirmeoirí lánaimseartha ag tabhairt a n-airde ar an tsolúbthacht nua atá á cur ar fáil dóibh faoin díchúpláil chun a gcuid fiontar tráchtála feirme a fhorbairt agus a threisiú agus is é an taithí atá cuid mhaith táirgeoirí beaga a fháil ná gur slí éifeachtach í an fheirmeoireacht a dhéanamh in éineacht le fostaíocht lasmuigh den fheirm chun inmharthanacht a gcuid gabháltas a chinntiú. | |
| | 40 | Leanfaidh an Rialtas d'aird a dhíriú ar ioncaim fheirme a uasmhéadú trí thacaíochtaí díreacha ioncaim, arb ionann iad agus 75 – 80% d'ioncaim fheirme iad fós agus raon beart a fheabhsóidh an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht agus bainfear an toradh is fearr agus is féidir den mhargadh ar an ábhar sin. | B |
| | | Féach Gníomh 39 thuas | |
| | 41 | Leanfaidh an Rialtas de thacaíocht d'fheirmeoirí ioncam íseal tríd an Scéim Chúnaimh Feirme. | B |
| | | Tugadh isteach an Cúnamh Feirme, ar cuspóir dó tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh a bhfuil ioncaim ísle acu, i mí Aibreáin 1999. Cuireadh in ionad na Scéime Cúnaimh Dífhostaíochta do Mhionsealbhóirí a bhí ann roimhe í. Is í an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a riarann é agus caitheadh €71.1 milliún de chaiteachas leis i mbliain a 2006. Bhí an Cúnamh Feirme á fháil ag 7,500 duine i ndeireadh na bliana 2006, arbh ionann é agus laghdú de 4% ar líon na ndaoine a bhí á fháil i ndeireadh na bliana 2005. Bhí íocaíocht arbh fhiú ar meán €230.05 in aghaidh na seachtaine í á fáil ag iarratasóirí a bhí ag fáil cúnaimh | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | faoin Scéim Chúnaimh Dífhostaíochta do Mhionsealbhóirí tráth. Bhí íocaíocht arbh fhiú timpeall le €196.69 ar meán í in aghaidh na seachtaine á fáil ag iarratasóirí eile. Méadaíodh na rátaí pearsanta íocaíochta de €20 sa tseachtain ó €165.80 go €185.80, de réir méaduithe eile ar íocaíochtaí leasa shóisialacha, i mBuiséad 2007. | |
| | 42 | Ní mór beartas an Stáit agus an straitéis thionsclaíoch a bheith solúbtha a ndóthain chun iad a dhul in inmhe do riachtanais earnála feirmeoirí lánaimseartha agus feirmeoirí páirtaimseartha araon. | B |
| | | Tá an Rialtas seo meáite ar a chinntiú go mbeidh teacht ag teaghlaigh fheirmeoireachta ar na roghanna is fearr amuigh chun iad a fhanacht ar an talamh. D'fhéadfadh go bhfágfadh sin go rachaidís leis an bhfeirmeoireacht go lánaimseartha, más leor méid na feirme agus a gcuid acmhainní, agus má roghnaíonn siad amhlaidh. D'fhéadfadh, de rogha air sin, go ndéanfaí sin trí mheascán d'ioncam ar an bhfeirm agus d'ioncam a thuillfí lasmuigh di, arb í an taithí atá ag cuid mhór táirgeoirí beaga air ná gurb í an tslí is fearr í chun maireachtain ar bhonn inmharthana ar an talamh. Tá an Rialtas seo tiomanta tacaíocht a thabhairt dár gcuid teaghlach feirmeoireachta agus iad a spreagadh maidir le pé rogha a ghlacfaidh siad agus is léir ón raon beartas agus scéimeanna atá á n-oibriú ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus ag Teagasc, go háirithe, go bhfuil cur chuige an-solúbtha á ghlacadh chun an cuspóir seo a bhaint amach. Ar leibhéal na feirme, gnéithe tábhachtacha ó thaobh athrú struchtúrach de is ea bearta soghluaisteachta talún, a chuimsíonn an Scéim um Luathscor, Cúnamh Suiteála, bearta éagsúla cánach agus an próiseas solúbtha bainisteoireachta cuótaí, rud a tugadh isteach le déanaí. Tá an t-athrú struchtúrach seo riachtanach chun leibhéil táirgiúlachta a mhéadú, barainneachtaí mórscála a fheabhsú agus an acmhainneacht tuillimh ioncaim a uasmhéadú. | |
| | 43 | Tá dreasachtaí chun tuilleadh táirgiúlachta, comhdhlúthaithe agus soghluaisteachta feabhsaithe talún a spreagadh ag teastáil d'fhonn pleanáil fhóinteach fheirmeacha a thabhairt. Leanfaidh an Rialtas de bhearta a chur i ngníomh, lena n-áirítear bearta cuí cánachais, chun go mbeidh talamh ar fáil d'fheirmeoirí ar mian leo an méid a tháirgeann siad a mhéadú agus chun a gcuid ioncaim ón bhfeirmeoireacht a mhéadú a oiread is féidir. | B |
| | | Tá an Rialtas meáite ar bheartais, scéimeanna agus sheirbhísí ar chabhair iad le geilleagar na tuaithe a chothú, líon na dteaghlach feirme a uasmhéadú agus athrú struchtúrach a éascú in earnáil na talmhaíochta, a fhorbairt agus a chur i ngníomh. Tá an t-athrú | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | struchtúrach sa talmhaíocht á urrasú tríd an gcóras cánachais i dtaca le tacaíocht a thabhairt dár gcuid feirmeoirí is mó táirgiúlacht. Is constaic ar mhéadú a gcuid feirmeacha ag cuid mhór feirmeoirí praghsanna arda ar thalamh mar aon le leibhéil ísle díolacháin talún. D'fhonn cabhrú le feirmeoirí mórtháirgiúlachta teacht ar thalamh breise chun a gcuid feirmeacha a mhéadú, táthar tar éis cur leis na teorainneacha díolmhaithe cánach ioncaim i mbuiséid na mblianta beaga deireanacha seo, i leith talún a ligtear ar léas ar bhonn fadtéarmach ag feirmeoirí is sine ná 40 bliain d'aois le daoine nach bhfuil bainteach leo. Tugadh isteach teorainn bhreise díolmhaithe ar fiú €20,000 í i gcomhair léasanna a mhaireann ar feadh 10 mbliana nó níos mó i mBuiséad 2007. Ina theannta sin, méadaíodh inti an faoiseamh dleachta stampa i ndála ina bhfuil aon fheirmeoir amháin ag comhdhlúthú a ghabháltais. Rinneadh coigeartú, leis, ar an bhfaoiseamh Scoir Cánach Gnóchain Chaipitiúil chun plé le cásanna ina ligfí an talamh ar léas sula ndiúscrófaí í le duine den teaghlach. | |
| | 44 | Déanfar socruithe chun an córas comhairleach feirme dá bhforáiltear sna Rialacháin Íocaíochta Aonair a bhunú faoin 1 Eanáir 2007 chun comhairle a chur ar fheirmeoirí i dtaobh a gcuid ceanglas a chomhlíonadh. | C |
| | | Tá an Roinn i mbun oiliúint a chur ar fáil do Theagasc agus do Phleanálaithe Príobháideacha eile arb iad "An tSeirbhís Chomhairliúcháin Feirme" iad in Éirinn. | |
| | 45 | Déanfaidh Teagasc clár cuimsitheach comhairliúcháin a chur i ngníomh i gcomhar le sainchomhairleoirí fiontraíochta chun táirgeadh cruthaithe nuálaíoch feirme a chur chun cinn. Cuirfear é seo i gcrích trí na ceithre chlár comhairliúcháin athstruchtúrtha aige:<br>Anailís Roghanna,<br>Iomaíochas Gnó agus Teicneolaíocht,<br>Dea-Chleachtas Feirme,<br>Clár Comhairliúcháin agus Oiliúna d'Fheirmeoirí Páirtaimseartha. | B |
| | | Tá cuid mhór déanta i dtaca leis an bhfís nua i gcomhair na seirbhísí comhairliúcháin. Tá an struchtúr nua bainisteoireachta a bhaineann le 18 nAonad Bainisteoireachta Limistéir (ABL) curtha ar bun. Tá bainisteoirí ABL ceaptha agus tá mórán oibre déanta ar an bpróiseas chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an tseirbhís chomhairliúcháin ina ceithre chlár: Anailís Roghanna, Gnó agus Teicneolaíocht, Dea-Chleachtas Feirme agus Cláir Chomhairliúcháin agus Oiliúna d'Fheirmeoirí Páirtaimseartha. Tá clár na Roghanna á dhíriú ar chabhrú le feirmeoirí a ndála feirme agus teaghlaigh a choigeartú i ndiaidh na díchúplála. Fágann sé gur féidir le feirmeoirí agus dá dteaghlaigh féachaint | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | go hoibiachtúil ar a ndála féin, na roghanna atá ar fáil don fheirmeoir agus dá chéile nó dá céile a chriathrú agus tá comhairle agus treoir neamhspleách le fáil ann i dtaobh na slí is fearr chun dul chun cinn. Ghlac an-chuid daoine leis an gclár seo i mbliain a 2006 agus cuireadh 5,000 Plean Gníomhaíochta Slí Chun Cinn i gcrích sa bhliain sin. Tá breis is 15,000 teaghlach feirme tar éis páirt a ghlacadh sa chlár go dtí seo agus tá treoirlínte mionsonraithe tugtha i dtaobh roghanna san am atá le teacht. Leanfaidh Teagasc den chlár i mbliain a 2007 nuair a chabhrófar le breis is 3,500 teaghlach feirme cinntí a dhéanamh chun an ama atá romhainn amach.<br>Tá comhairleoirí speisialta fiontraíochta á sannadh i ngach aon ABL faoi láthair chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais sainfhiontar agus chun glacadh feirmeoireachta cruthaithe nuálaíche brabúsaí a chur chun cinn. | |
| | 46 | Féachfaidh an Roinn lena chinntiú go n-oibreofar próisis ar an tslí is éifeachtaí ó thaobh costais de, a laghad is féidir d'ualach riachtanach páipéarachais agus rialála a bheidh ag teastáil chun rialuithe córa a áirithiú. | B |
| | | Is é an toradh a bhí ar Éirinn a ghlacadh na lán-díchúplála faoin Scéim Íocaíochta Aonair, a cuireadh in ionad sé cinn de scéimeanna fóirdheontais de chuid an AE, a raibh nósanna imeachta casta feidhmiúcháin, cáiliúcháin agus forfheidhmiúcháin ag gabháil le gach ceann acu, ná gur laghdaíodh ar mhaorlathas gan ghá. Úsáideadh tairbhe na teicneolaíochta faisnéise, leis, nuair ab fhéidir sin, ar mhaithe le seirbhísí ardchaighdeáin do chustaiméirí. Cuireadh tograí sonracha faoi bhráid an Choimisiúin roimhe seo i mbliana chun an scéim Íocaíochta Aonair Feirme a thabhairt chun simplíochta, lena n-áirítear an tras-chomhlíonadh a chur chun feidhme. Déanfar iad seo a bhreithniú i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an tras-chomhlíonadh a bheidh le déanamh i mbliain a 2007 agus an Scrúdaithe Sláinte ar an gComhbheartas Talmhaíochta a bheidh le déanamh i mbliain a 2008. | |
| | 47 | Glacfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia páirt réamhghníomhach in athbhreithniú an AE ar an tras-chomhlíonadh i mbliain a 2008 d'fhonn cur i ngníomh na scéime a shimpliú. | C |
| | | Tar éis an iniúchta i mbliain a 2005 agus an chomhaontaithe dhéthaobhaigh a lean é i mí Iúil 2006 leis an gCoimisiún Eorpach, leasaíodh na nósanna imeachta maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar an láthair chun na ceanglais maidir leis an tras-chomhlíonadh a chomhall agus chun smachtbhannaí náisiúnta a | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | sheachaint. Dar leis an Roinn gur deacair ceanglas an AE maidir le cion d'iniúchtaí gan réamhfhógra a oibriú i bhfianaise an leibhéil ard feirmeoireachta páirtaimseartha agus an ghá le ham a ghlacadh ón obair dá bharr sin. Tá tograí curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Roinn cheana féin lena n-áirítear fógra a thabhairt 14 lá sula ndéantar iniúchtaí ar an bhfeirm agus leibhéil níos ísle iniúchtaí i gcoitinne. | |
| | 48 | Déanfar comhpháirtíocht agus comhghuaillíocht idir feirmeoirí agus an tionscal bia a spreagadh chun soláthar táirgí ardchaighdeáin don phróiseálaí a chur chun cinn agus ina chúiteamh sin cinnteacht agus cobhsaíocht ioncaim a áirithiú don táirgeoir. | C |
| | | Tionóltar cruinnithe go rialta le heagraíochtaí feirme, le táirgeoirí feola agus le Bord Bia chun ardchaighdeáin agus éifeachtacht a chur chun cinn i dtaca le feoil agus táirgí feola Éireannacha a tháirgeadh, a phróiseáil agus a chur chun cinn. Lena chois sin, áiríodh Scéim Taifeadta agus Pórúcháin Leasa Ainmhithe i gcomhair Tréad Diúil sa dréacht-Phlean Forbartha Réigiúnaí 2007 – 2013. Is é cuspóir na scéime ná ardchaighdeáin leasa ainmhithe a spreagadh agus cur leo agus mianach bó pórúcháin a fheabhsú in earnáil na mairteola. Tá buiséad ar fiú €250 milliún leithdháilte ar an scéim. | |
| | 49 | Déanfar grúpa ardleibhéil de Phríomh-Oifigigh Fheidhmiúcháin ar na gníomhaireachtaí bia, a ndéanfar cathaoirleacht air ar leibhéal na nAirí, a bhunú chun cur chuige lán-chomhdhlúite a áirithiú agus a chur i ngníomh i gcomhair fhorbairt na hearnála bia as a hiomláine. | B |
| | | Bunaíodh an Grúpa Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Agraifhís 2015 i mí Iúil 2006 agus tá plé déanta aige ar a chuid cruinnithe ar dhúshláin na hEagraíochta Trádála Domhanda agus ar shaincheisteanna costais an Chomhbheartais Talmhaíochta, ar an ngá le taighde a dhéanamh chun maitheas don earnáil, ar thábhacht réigiúnach an tionscail, ar shaincheisteanna costais agus ar shaincheisteanna atá atá á nochtadh leithéidí mílte slí bia. Tá páirt an-réamhghníomhach imeartha ag an ngrúpa seo maidir le tionscnamh an Fhóraim Réigiúnaigh Bhia a fhorbairt agus maidir le naisc a fhorbairt idir gníomhaireachtaí stáit agus gnólachtaí bia agus beidh sé páirteach san fhoghrúpa um Thaighde Agraibhia a bheidh le bunú. | |
| | 50 | Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia Coiste um an Tionscal Bia a bhunú, leis, a ndéanfar cathaoirleacht air ar leibhéal an Aire agus ar a mbeidh ionadaithe sinsearacha de chuid an tionscail chun saincheisteanna a léiriú atá ina mbacainní ar fhorbairt na hearnála. | B |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Tá dhá choiste um an tionscal bia, a ndéantar cathaoirleacht orthu ar leibhéal an Aire curtha ar bun agus tionóladh iad roinnt uaireanta. Táthar tar éis coiste ceardaíochta, leis, a bhunú agus tá sé tar éis teacht le chéile faoi thrí. Tá tuilleadh cruinnithe beartaithe aige. Leagadh béim ar thábhacht an tionscail bia i dtaca leis an ngeilleagar agus ar an ngá le tuilleadh aitheanta a dhéanamh ar a bhfuil déanta aige go díreach agus go neamhdhíreach ar son Chaiteachas Náisiúnta na hÉireann agus ar chur chuige comhnasctha i leith beartais agus na rialála. Tarraingíodh suntas ar dhúshláin na hEagraíochta Trádála Domhanda agus an Chomhbheartais Talmhaíochta. Tógadh an cúngach praghsanna costas agus costais fhuinnimh agus chomhlíonta.<br><br>Leag na grúpaí go léir béim ar an ngá atá le tráchtálú an taighde chun a chinntiú go mbainfidh an tionscal tairbhe dhíreach as. Táthar tar éis Foghrúpa Taighde Agraibhia nua a bhunú ina bhfuil ionadaithe thar ceann an tionscail, ionadaithe acadúla agus ionadaithe thar ceann gníomhaireachtaí stáit. Tá dhá chuspóir ag an bhfoghrúpa seo, mar atá, gníomhú mar an gclár náisiúnta i gcomhair an chláir teicneolaíochta de chuid an AE mar aon le haird a dhíriú ar thosaíochtaí ardleibhéil taighde.<br>Bhí earnáil na ceardaíochta sásta leis an aitheantas a tugadh don earnáil i bPlean Gníomhaíochta Agraifhís 2015 agus d'iarr sí tacaíochtaí chun acmhainn na hearnála a fhorbairt mar aon le réim rialála agus cúnamh comhairleach agus infheistíochta a d'oirfeadh do mhéid a chuid oibríochta. | |
| | 51 | Rachaidh an Roinn i gcomhar go réamhghníomhach leis an tionscal bia ar gach aon leibhéal, ar an leibhéal ilnáisiúnta, ag baile, ar leibhéal na bhfiontar réigiúnach/áitiúil agus ar leibhéal na hearnála míondíola bia chun a fhorbairt a bhrú chun cinn agus aird á tabhairt aici ar an ráta tapa athraithe sa timpeallacht feidhmíochta aici. | B |
| | | Téann an Roinn i gcomhairle le cuideachtaí agus le cumainn a fheidhmíonn ar son an tionscail bia ar gach aon leibhéal agus déanann sí dlúthchomhar leo. Déanann sí rannpháirtíocht dhlúth idir ghníomhaireachtaí a chur chun cinn, leis, chun an uile mhodh acmhainneachta a fhorbairt; féach Gníomhartha 49 agus 50 go sonrach. | |
| | 52 | Tacóidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia le Bord Bia chun treisiú a dhéanamh ar an gcumas faisnéise straitéisí margaidh agus chun seirbhísí a fhorbairt chun margaí a chur chun cinn agus a fhorbairt, is seirbhísí a | B |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | mbeidh spriocanna agus cuspóirí soiléire acu chun dul i ngleic le dúshláin atá ann faoi láthair agus le dúshláin a thiocfaidh ar barr san am atá le teacht, go háirithe na dúshláin a thagann de thoradh na díchúplála agus de thoradh chaibidlíocht trádála na hEagraíochta Trádála Domhanda. | |
| | | Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia tar éis méadú mór a dhéanamh ar mhaoiniú Bhord Bia i gcomhair 2007 d'fhonn go bhféadfaidh sé plean straitéiseach a chur i ngníomh arb é an cuspóir atá leis ná cabhrú leis an tionscal plé le dúshlán na timpeallachta nua margaidh. Tá soláthar sa phlean i gcomhair ionaid barr feabhais le haghaidh gnóthas beag, faisnéise straitéisí margaidh, breis saoráidí faisnéise margaidh agus margaíocht agus cur chun cinn fócasaithe. | |
| | 53 | Tacóidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia le Bord Bia chun cuidiú le cuideachtaí atá ag forbairt gnó breisluacha i margaí de chuid an AE ar an mór-roinn agus thar lear agus chun cuspóirí sonracha a aithint i margaí Áiseacha atá i mbéal a bhforbartha. | B |
| | | Tá cistiú i gcomhair clár sonrach ar mhargaí mór-roinne de chuid an AE agus ar mhargaí Áiseacha curtha ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia don Bhord Bia; féach Gníomh 54, leis. | |
| | 54 | Cuideoidh agus tacóidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus Bord Bia le sprioc chun luach onnmhairí bia agus dí go dtí an Cianoirthear a dhúbailt in imeacht tréimhse trí bliana, agus cuirfidh siad an sprioc sin chun cinn. | C |
| | | Tá sprioc chun onnmhairí bia agus dí a dhúbailt in imeacht na mblianta 2005-2009 go €400 milliún ar áireamh i straitéis an Rialtais i dtaobh na hÁise. Tá an tacaíocht agus na hacmhainní riachtanacha curtha ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia do Bhord Bia chun a chur ar a chumas an straitéis sin a chur i gcrích. Táthar ag tuar go mbeidh luach ar fiú breise is €300 milliún é ar na honnmhairí bia agus dí i ndeireadh na bliana 2006. Tá dul chun cinn maith déanta i leith na straitéise agus bainfear amach a cuid spriocanna. | |
| | 55 | Oibreoidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia le comhlachtaí eile chun cabhrú le faisnéis a chur ar fáil ar dheiseanna nuálaíochta agus ar dheiseanna faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus ar na féidearthachtaí atá ar fáil tríd an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. | C |
| | | Tá an Roinn, mar aon lena Rannóg Córas Faisnéise, lántiomanta cabhrú le faisnéis a chur ar fáil ar an nuálaíocht agus obair as láimh a chéile lena cuid gníomhaireachtaí faoina coimirce chun í sin a sholáthar. Tá tréithe nuálaíochta a dTairsí Cliaint | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | (láithreán gréasáin a chosnaítear le pasfhocal agus atá ar fáil do dhéantúsóirí) forbartha ag Bord Bia agus cuimsíonn sí sin anois trácht an "Ionaid Spreagthachta" ar tháirgí nua, ar bhlasanna nua, ar threochtaí nua i gcláir bhia agus ar smaointe nua pacáistithe ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain – mar aon leis an gclár "Treochtaí Nóis Mhaireachtála Tomhaltóirí" lena bhféachtar le treochtaí nua atá ag teacht ar an bhfód a d'fhéadfaí a úsáid mar bhonn le gnó inbhuanaithe i gcomhair táirgí nua. | |
| | 56 | Bunóidh Bord Bia Lárionad Barr Feabhais a bheidh dírithe ar sheirbhísiú a dhéanamh ar na riachtanais a bhaineann le forbairt margaidh gnóthas beag agus cuirfidh siad tionscnaimh bhia réigiúnaigh agus tionscnaimh mhargaíochta bia chun cinn trí shraith de shainfhóraim áitiúla agus idirnáisiúnta. | B |
| | | I mí na Nollag 2006 a bunaíodh an Lárionad Barr Feabhais i gcomhair gnóthas beag. Lena chois sin, tá Lárionad Acmhainní agus cláir a chuirfear in oiriúint do riachtanais ghnóthas beag á bhforbairt ag Bord Bia faoi láthair. Seoladh Treoirleabhar Bhord Bia ar Earnáil an Mhiondíola Speisialtachta ar Fhóram Bia an Oirdheiscirt i mbliain a 2006. D'éirigh go maith leis an bhFóram Idirnáisiúnta Sainbhia a d'eagraigh Bord Bia san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann i mí na Bealtaine 2006, agus tá gnó nua tar éis teacht dá thoradh. Féach Gníomh 59 chun sonraí a fháil ar fhóraim réigiúnacha bhia. | |
| | 57 | Déanfar Margaí Feirmeoirí, ar mhúnla thaithí Farmleigh, a thabhairt amach i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí. Oibreoidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia le Bord Bia agus le Ranna eile, leis, chun an earnáil sin a chur chun cinn mar mhargadh malartach tábhachtach i gcomhair táirgí feirme chomh maith lena bheith ina thaispeántas tábhachtach agus ina thaitneamhacht do thurasóirí. | B |
| | | Tá Bord Bia ar thús cadhnaíochta i dtaca le treoirleabhar, beart faisnéise, láithreán gréasáin agus comhairle mhionsonraithe a sholáthar i dtaobh margaí feirmeoirí a chur ar bun. Tá breis is 100 margadh feirme anois ann agus tá siad le fáil ar fud na tíre. D'éirigh thar cionn leis an margadh in Farmleigh, a forbraíodh trína chuid comhpháirtíochta le hOifig na nOibreacha Poiblí. Ina theannta sin, d'oibrigh Bord Bia go dlúth le Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath i mbliain a 2006 ar thionscadal mhargadh Mhargadh na Feirme agus forbraíodh margadh séasúrach i gcrannlanna Fhóta agus JFK.<br><br>Tá Bord Bia agus Teagasc ag obair i gcomhar le | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Cumann Thrádálaithe Margaí Feirmeoirí na hÉireann faoi láthair ar chúrsa oiliúna chun margaí feirmeoirí a chur ar bun agus chun cinntiú ar chur chuige straitéiseach lena bhforbairt. | |
| | 58 | Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia stádas Bunadh Cosanta de chuid an AE/Léiriú Geografach Cosanta a spreagadh laistigh de théarmaí na réime den AE is iomchuí. | B |
| | | Sa chóras Bunadh Cosanta de chuid an AE/Léiriú Geografach Cosanta, cosnaítear ainmneacha táirgí áirithe a dhéanann grúpaí táirgeoirí go traidisiúnta ar féidir a chruthú go bhfuil uathúlacht ag baint leo ó thaobh a gcáile, a mbunaidh nó an mhodha a ndéantar iad. D'éirigh leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia Uainfheoil Sléibhe Chonamara, an ceathrú táirge aici, a chlárú agus a chosaint sa chlár Léiriú ar Bhunadh Cosanta/Léiriú Geografach Cosanta i mí Feabhra 2007. | |
| | 59 | Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí iomchuí stáit, fiontair áitiúla agus réigiúnacha bhia a fhorbairt, i leith táirgí sainbhia agus táirgí ceardbhia go háirithe. | B |
| | | I mí na Samhna 2005, sheol an Roinn tionscnamh an Fhóraim Bia Réigiúnaigh chun naisc níos dlúithe a chruthú idir gníomhaireachtaí stáit agus gnóthais bhia agus chun bianna réigiúnacha agus áitiúla a fhorbairt. De mar a forbraíodh iad, is amhlaidh gur úsáideadh na fóraim seo chun táirgí áitiúla bia agus dí a thaispeáint, taispéantais taighde ar dheiseanna margaidh atá ag teacht chun cinn a léiriú agus chun eolaire trádála réigiúnaí ar ghníomhaireachtaí agus ghnóthais bhia a fhoilsiú. Rinne gnó-eagraithe áitiúla éiritheacha bia a gcuid taithí a chur in iúl go fial dá chéile agus fuarthas freagra an-mhaith ó ghnóthais bheaga sainbhia agus ceardbhia a d'fhreastail ar an ócáid.<br><br>Tionóladh an chéad Fhóram san Iarthuaisceart (Na Cealla Beaga), agus ina dhiaidh sin, tionóladh trí fhóram i mbliain a 2006 san Oirthuaisceart (Carraig Mhachaire Rois), Lár na Tíre (Port Laoise) agus san Oirdheisceart (Cill Chainnigh). Tionóladh Fóram an Iarthair i mí Feabhra 2007 (Baile Chláir) agus Fóram an Iardheiscirt (Corcaigh) i mí an Mhárta, arb iad na fóraim dheireanacha sa tsraith iad. Cuireadh ceardlann sábháilteachta bia leis an gclár mar fhreagra ar shaincheisteanna a tógadh ar na fóraim.<br><br>Fuair táirgeoirí sainbhia a d'fhreastail ar an bhFóram Idirnáisiúnta Sainbhia a thionóil Bord Bia san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann i mbliain a 2006 an deis aird a tharraingt ar a gcuid táirgí agus cruinnithe | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | réamhbheartaithe a dhéanamh le ceannaitheoirí idirnáisiúnta agus Éireannacha agus tháinig deiseanna nua gnó dá thoradh. Bhí táirgí ón earnáil ar fáil ar chláir bhia Chorn Ryder, leis, trína bhfuarthas tuilleadh nochta idirnáisiúnta ar na táirgí sin. Tá struchtúr chun an earnáil agus an Roinn saincheisteanna a scrúdú chun forbairt an tionscail a chur chun cinn faighte ó chruinnithe de Ghrúpa Ceardbhia Agraifhís 2015. | |
| | 60 | Féachfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia le naisc idir táirgeoirí in earnálacha an cheardbhia agus an tsainbhia agus gníomhaireachtaí iomchuí leithéidí na Blas-Chomhairle, Theagasc agus Coláistí Tríú Leibhéal a láidriú. | B |
| | | Cheap Teagasc oifigeach lánaimseartha Forbartha Sainbhia i mbliain a 2006 atá ag obair i gcomhar le táirgeoirí agus le gníomhaireachtaí eile chun an earnáil a fhorbairt. Dámhadh cistiú i mbliain a 2006, leis, faoi chlár FIRM (Beart Taighde Institiúideach Bia) na Roinne le go ndéanfadh Teagasc taighde i gcomhar le táirgeoirí cáise feirme d'fhonn bonn eolais a sholáthar chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar thionscal na cáise feirme.<br><br>Tá comhaltaí den Bhlas-Chomhairle ar Ghrúpa Ceardbhia Agraibhia 2015, a bunaíodh i mbliain a 2006. Tá tacaíocht airgid curtha ar fáil ag gníomhaireachtaí stáit (FÁS, An tÚdarás um Shábháilteacht Bia, Biaslán, An Bord Bia) do Dhioplóma an Choláiste Ollscoile, Corcaigh i dTáirgeadh Sainbhia atá ar siúl le trí bliana anuas. | |
| | 61 | Déanfaidh Teagasc clár sonrach a chur ar bun chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine ar mian leo gnóthais cheardbhia agus sainbhia a bhunú. | C |
| | | Tá comhairleoir lánaimseartha Forbartha Sainbhia ceaptha ag Teagasc mar chéim thosaigh i dtreo seirbhís sainchomhairle a fhorbairt. | |
| | 62 | Forbróidh An Fóram Náisiúnta Bia Feidhme, faoi chathaoirleacht Fhiontraíocht Éireann, plean straitéiseach chun an tionscal bia feidhme agus comhábhar feidhme a fhorbairt in Éirinn. | C |
| | | Féach Gníomh 17 i dtaobh Fiontraíocht Éireann agus mórchuideachtaí déiríochta ciste €15 mhilliún a bhunú i gcomhair taighde ar bhianna feidhme a mbeadh luach tráchtála iontu. | |
| | 63 | Déanfaidh An Bord Bia ócáidí de chuid Mhargadh Éireann a eagrú chun soláthraithe agus ceannaitheoirí idirnáisiúnta a chur le chéile go sonrach | A |
| | | D'éirigh go binn leis an ócáid de chuid Mhargadh Éireann a d'eagraigh An Bord Bia i gcomhair na hearnála Sainbhia i mí na Bealtaine 2006, as ar tháinig | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | liostuithe tráchtála. Tá Margadh 2007 á phleanáil agus cuirfear os ard ann na mórearnálacha bia agus dí trí chur leis an léiriú éiritheach a rinneadh ar ardmhianach agus ar inniúlacht earnáil bhia agus dí na hÉireann le linn Chorn Ryder. | |
| | 64 | Feabhsófar an feachtas Féile Bia chun úsáid táirgí áitiúla, réigiúnacha agus speisialtachta a chur chun cinn i ngach ionad lónadóireachta. | C |
| | | Tá athbhreithniú á dhéanamh ar Fhéile Bia faoi láthair. Déanfar scrúdú san athbhreithniú seo ar conas is féidir úsáid táirgí áitiúla, réigiúnacha agus speisialtachta i ngach ionad lónadóireachta a fheabhsú. | |
| | 65 | Oibreoidh an Roinn ar leibhéal an AE lena chinntiú go leanfar le creat oibre tacaíochta cuí chun na hearnála feola laistigh de Chomheagraíocht na Margaí. | C |
| | | Déanann an Roinn Talmhaíochta agus Bia argóint leanúnach ar leibhéal an AE agus na hEagraíochta Trádála Domhanda chun an creat tacaíochta is fearr a bhaint amach chun gur féidir leis an earnáil fheola againn trádáil a dhéanamh go hiomaíoch ar mhargaí an AE agus Tríú Tíortha. | |
| | 66 | Déanfaidh an Roinn, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile stáit, maoirsiú ar chórais lena chinntiú go gcuirfear ardchaighdeáin sábháilteachta, ardmhianaigh agus inriantachta bhia na hÉireann chun cinn go fuinniúil chun buntáiste iomaíoch a sholáthar i gcoinne allmhairithe ísealchostais. | C |
| | | Déanann an Roinn agus gníomhaireachtaí eile plé gníomhach le Coimisiún an AE ar an gceist i dtaobh lipéadú na tíre tionscnaimh a sholáthar agus forfheidhmiú na reachtaíochta atá ann a chinntiú.<br>Bíonn an Roinn rannpháirteach ar leibhéal na gcoistí bainisteoireachta agus teicniúla de chuid an AE, leis, i leith chaighdeáin Sláinteachais Bia an AE a fhoirmiú i gcomhair allmhairí de réir ghealltanais trádála na hEagraíochta Idirnáisiúnta Trádála agus cuireann sí na rialuithe comhchuibhithe seo ar tháirgí ainmhithe a allmhairítear chun críocha bia agus teicniúla ag Poist Iniúchta Teorann ainmnithe. | |
| | 67 | Oibreoidh an Roinn, Bord Bia agus an tionscal feola i gcomhar le chéile chun margaí nua i gcomhair tháirgí feola na hÉireann a aithint agus chun scair mhargadh na hÉireann a chur chun cinn agus a fheabhsú i margaí na hEorpa agus i margaí Tíortha Eile. | B |
| | | Tionóltar cruinnithe go rialta leis an mBord Bia agus le Tionscal Feola na hÉireann chun comhaontú a dhéanamh chun straitéise cuí i gcomhair rochtain ar an margadh agus i gcomhair feola agus táirgí feola agus chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar an gcéanna. Bhí straitéis trí bliana an Bhoird Bia chun an | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | mhairteoil a chur chun cinn ar an bhfód le dhá bhliain i mbliain a 2006 agus tá a cuspóir á bhaint amach aici. Tá onnmhairí de mhairtheoil Éireannach go dtí margaí ar an mór-roinn tar éis dul i méid go seasta agus tá an mhairteoil Éireannach liostaithe ag na sreangshiopaí móra miondíola san AE; tá breis is 90% de na honnmhairí as a n-iomláine á gcur go dtí na margaí ardluacha de chuid an AE i gcomórtas le 50% chomh luath ó shin le bliain a 2000. Is é an chéad bheart eile a bheidh le déanamh ná ardionad a bhaint amach i gcomhair an táirge. | |
| | 68 | Tacóidh an Roinn agus Gníomhaireachtaí Stáit le hinfheistíocht níos mó ar thaighde agus ar fhorbairt a dhéanamh agus ar fhorbairt táirgí. | B |
| | | Féach an dul chun cinn a léiríodh faoi Ghníomhartha 24 go 37 thuas. Seoladh plean earnála na Talmhaíochta i mí Mheán Fómhair 2006 de réir Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006-2013 an Rialtais. | |
| | 69 | Comhordóidh gach páirtí a bhíonn rannpháirteach san earnáil mhairteola a chuid iarrachtaí chun dea-mhianach na mairteola a tháirgtear faoin Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Caighdeáin Mairteola atá creidiúnaithe don Chaighdeán EN 450 11 a mhéadú. | B |
| | | Féach Gníomhartha 11 agus 12. | |
| | 70 | Soláthróidh Fiontraíocht Éireann tacaíocht do thionscadail infheistíochta ag an earnáil próiseála feola chun táirgí breisluacha a fhorbairt. | B |
| | | Fógraíodh Scéim Chúnaimh Infheistíochta Caipitiúil, a dhíreofar ar an éifeachtúlacht agus ar an iomaíochas a fheabhsú sna earnálacha próiseála príomhúla mairteola agus feola caorach, i mí na Samhna 2006. Ba chóir go spreagfadh an pacáiste tacaíochta, ar fiú €50 milliún é, timpeall le €120 milliún d'infheistíocht san iomlán. Déanfaidh Fiontraíocht Éireann an scéim a bhainistiú agus oiriúnacht tionscadal a mheasúnú. Fógrófar sonraí cruinne gan rómhoill. Díreofar an cistiú ar éifeachtúlacht a bhaint amach sa phróiseáil agus ar an iomaíochas, inbhuanaitheacht an mhargaidh agus luach breise a fheabhsú. | |
| | 71 | Ba chóir do mhonarchana próiseála mairteola córais phraghsála a bhaineann le hardchaighdeáin a mhionathrú agus a threisiú chun táirgeadh conablach ardmhianaigh a spreagadh, a bheidh de réir toil tomhaltóirí. | C |
| | | Tá iarrtha ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar an tionscal feola an toradh rangúcháin a chló ar scála na 15 phointe (seachas ar an scála 5 phointe) agus luach saothair a thabhairt do tógálaithe stoic agus iad a spreagadh trí dhíol as táirgí ardmhianaigh. Tá roinnt | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | monarchan feola (5 cinn de 25 mhonarcha a úsáideann grádú meicniúil) ag soláthar na faisnéise iomláine. | |
| | 72 | Á tuiscint di rítábhacht an tréada diúil ag tionscal mairteola na hÉireann, breithneoidh an Roinn na bearta a bheidh riachtanach chun an tréada diúil i gcomhthéacs na díchúplála. | C |
| | | Tá tograí curtha faoi bhráid an AE ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia faoi na forálacha a bhaineann le leas ainmhithe de chuid na Rialacha um Chúnamh Stáit agus Rialáil Forbartha Tuaithe chun mianach an tréada diúil a fheabhsú. Táthar ag fanacht le freagra ón gCoimisiún Eorpach. | |
| | 73 | Spreagfar breis úsáide as teicnící saorga pórúcháin sa tréad diúil. | B |
| | | Tá tionscnaimh éagsúla á n-oibriú chun breis úsáide as teicnící saorga pórúcháin a chur chun cinn. In Earrach 2006, seoladh tionscnamh breisithe IS 'Brabúis san Am atá Romhainn a Phórú – Iarracht Chomhoibríoch' le cistiú ón Roinn Talmhaíochta agus Bia agus díríodh ar dtús ar an tréad ba bainne. D'éirigh go maith leis an tionscnamh sin agus sholáthair Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann comhordú, tacaíocht theicniúil agus riarachán. Rinneadh athbhreithniú leantach i mí Dheireadh Fómhair 2006 agus tá feachtas feabhsaithe *'An chomhpháirtíocht bhrabús trí IS'* faoi lán seoil i gcaitheamh na bliana 2007, á stiúradh ag an Tionscal. Tá cistiú á fháil ón Roinn Talmhaíochta agus Bia ag an bhfeachtas seo, leis, agus leagfar béim ar leith ar an tréad diúil. | |
| | 74 | Leanfar den fhaireachán ar ghrádú meicniúil conablach mairteola ar bhonn oibiachtúil chun táirgeadh conablach mianaigh chomhsheasmhaigh is mó a bheidh de réir roghanna tomhaltóirí a spreagadh. Leanfaidh an tionscal den chóras a fhorbairt i dtreo táirgeachtaí feola a thomhas. | B |
| | | Déantar faireachán ar an gcóras grádúcháin meicniúil conabhlach ar bhonn leanúnach. Tá an córas chun dálaí i dtaobh grádú meicniúil san am atá caite a stóráil curtha ar bun, leis. Tá TEAGASC ag calabrú an chórais tuartha conablachghearrtha i gcomhar le *E + V Technology GmbH* trí chonablaigh ainmhithe mairteola a dhioscadh i dtrialacha. Lena chois sin, tá TEAGASC ag féachaint le scanóirí CAT a chalabrú mar mhalairt ar dhioscadh conablach. | |
| | 75 | Ba chóir do phróiseálaithe mairteola dul i mbun na comhpháirtíochta agus socruithe bainisteoireachta slabhra soláthair le táirgeoirí mairteola aonair chun riachtanais shonracha tomhaltóirí a mheaitseáil go gníomhach leis na táirgí a sheachadtar. | C |
| | | Tá tionscnaimh dá samhail glactha ar láimh ag roinnt | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | monarchan feola agus leanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí dá leithéid. | |
| | 76 | Déanfaidh Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann (ICBF) cur lena n-iarrachtaí ar ardú suntasach ar ráta an fheabhsúcháin ghéinitigh ar mhairt a thabhairt trí mheascán de scéimeanna feabhsaithe pórúcháin, bhreis úsáide a bhaint as ionseamhnú saorga, mheastóireacht ghéiniteach agus sheirbhísí faisnéise do gach earnáil den tionscal. | B |
| | | Tá Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann tar éis a chuid taighde ar an dearadh barr feabhais ar an scéim bharrshamhailteach phórúcháin mart d'Éirinn a chríochnú agus tá togra oibríochta forbartha aici i gcomhchomhairle le cumainn phórúcháin mart agus le tionscal an IS. Tá an togra seo á bhreithniú go gníomhach ag an tionscal faoi láthair agus cuirfear faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta agus Bia é chun tacaíocht airgid a lorg lena chur i ngníomh. Tá Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann ag déanamh comhordú ar an bhfeachtas *'An chomhpháirtíocht bhrabús trí IS'* chun an IS a chur chun cinn i gcomhair na bliana 2007, feachtas atá á stiúradh ag an tionscal agus ar cuspóir dó úsáid an IS sa tréad diúil a mhéadú. Tá breis feabhsúcháin déanta ar sheirbhísí measúntóireachta ghéinitigh ag innéacsanna nua *'Eurostar'* a sheolfar gan rómhoill agus lena bpléifear le tréithe éagsúla tábhachtacha pórúcháin ainmhí i dtéarmaí simplí. Seoladh an córas nua faisnéise pórúcháin *'Herdplus'* i mí Mheán Fómhair 2006 agus solathraítear réim d'áiseanna bainisteoireachta feirme de shórt tuarascálacha Innéacs Pórúcháin Eacnamaíoch (EBI) (ina léirítear ráta an dul chun cinn géiniteach sa tréad), cairteacha pórúcháin, tuarascálacha torthúlachta. Fágann na háiseanna seo go léir gur féidir leis an bhfeirmeoir dul chun cinn a thréada a rianú in imeacht tréimhse de bhlianta, agus é a chur i gcomparáid le tréada eile sa tír. | |
| | 77 | Neartóidh Teagasc a shaineolas ar phórú ainmhithe agus oibreoidh sé go dlúth le Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann chun pórú níos fearr ar eallach a chur chun cinn. | B |
| | | Tá Teagasc tar éis cur lena shaineolas ar phórú ainmhithe i leith ba bainne agus mart i mBaile Uí Mhaolmhordha agus ar an nGráinseach. Cuimsíonn sé sin an saineolas sa réimsí nua eolaíochta bithí an Ghéanómaíocht agus an Phróitéamaíocht a threiseofar tuilleadh nuair a chuirfear an t-ionad nua eolaíochta bithí ar bun ar an nGráinseach. Rinne TEAGASC roinnt iarratas leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | chistiú nua i mbliain a 2006, agus d'éirigh leo sin. Tá Teagasc agus Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann ag obair ar roinnt tionscadal comhoibríocha chun tacú le pórú feabhsaithe ag an earnáil mhart agus bhó bainne. | |
| | 78 | Scrúdóidh an Roinn, i gcomhchomhairle leis an tionscal, le heagraíochtaí feirmeoireachta agus le páirtithe leasmhara eile an bhféadfaí beart pórúcháin eallaigh a áireamh sa chlár Forbartha Tuaithe 2007-2013. | B |
| | | Tá scéim bheartaithe leasa i gcomhair an tréada Diúil ar áireamh sa Chlár Forbartha Tuaithe a cuireadh faoi bhráid Choimisiún an AE as a dtiocfaidh caighdeáin leasa níos fearr sa tréad diúil má cheadaítear í, agus lena chois sin, tiocfaidh feabhsúcháin shuntasacha ar mhianach pórúcháin an tréada diúil dá toradh. | |
| | 79 | Dréachtófar plean straitéiseach i gcomhair fhorbairt fhadtéarmach gach gné den earnáil fheola caorach, idir an pórú agus an táirgeadh, agus an phróiseáil agus an mhargaíocht. | B |
| | | Táthar tar éis plean stratéiseach i gcomhair an tionscail caorach a chur amach agus bhunaigh an tAire Grúpa Feidhmiúcháin Straitéise Caorach i mí Iúil 2006 chun a áirithiú go gcuirfear an uile mholadh sa Tuarascáil Straitéise Caorach i ngníomh. Tá cistiú á chur ar fáil do Chónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann agus do Bhord Bia chun clár cuimsitheach feabhsúcháin pór caorach agus scéim dearbhaithe ardmhianaigh uaineola a fhorbairt. Cuirfear cúnamh ar fáil don earnáil i gcomhair infheistíochtaí ar an bhfeirm ón bPlean Forbartha Réigiúnach 2007-13. Tá tograí i dtaobh dul chun cinn forbartha ag an mBord Bia agus tá Teagasc tar éis tionscnamh i leith clár feabhsaithe taighde agus comhairle seolta ag Teagasc. Tá obair ar ábhair eile leithéidí rangú meicniúil conablach á tabhairt chun cinn. Táthar ag súil go mbeidh an tuarascáil dheireanach ar an nGrúpa Feidhmiúcháin Straitéise ar fáil gan rómhoill. | |
| | 80 | Scrúdófar na hearnálacha muc agus éanlaithe clóis i bhfianaise an bhrú iomaíoch ar an margadh atá ann cheana féin agus atá ag teacht ar barr d'fhonn iarracht a thabhairt ar an éifeachtúlacht a chinntiú ag leibhéal an táirgthe agus na próiseála. | C |
| | | Tá an Roinn i mbun sainghrúpa a bhunú faoi láthair chun scrúdú a dhéanamh ar na deacrachtaí atá os comhair na hearnála éanlaithe clóis faoi láthair. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar ghrádú muc i gcomhar le Teagasc agus an tionscal chun an éifeachtúlacht a fheabhsú ar leibhéal an táirgeora. | |
| | 81 | Ar leibhéal an AE, leanfaidh Éire ag déanamh | C |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | idirbheartú chun creat oibre tacaíochta cuí a dhaingneoidh earnáil táirgthe bainne iomaíoch laistigh den AE agus iomaíochas onnmhairithe feabhsaithe ar mhargaí domhanda. | |
| | | Leanann an Roinn d'ionadaíocht a dhéanamh ar leas na hÉireann ar leibhéal an AE agus déanann sí caibidlíocht ghníomhach chun meicníochtaí cuí tacaíochta margaidh chun éileamh a spreagadh agus margaí a dhaingniú. Tá an straitéis seo tar éis cabhrú le deiseanna rochtana ar mhargaí a choinneáil agus a leathnú agus tháinig méadú ar luach onnmhairí déiríochta go dtí breis is 2 bhilliún euro i mbliain a 2006, dá toradh, ar méadú is ionann le 4% I gcomparáid le céatadán na bliana 2005. | |
| | 82 | Rinneadh roinnt comhdhlúthaithe ag an leibhéal próiseála ar aon dul leis na moltaí i dTuarascáil Prospectus. Níl príomhmholtaí Thuarascáil Prospectus curtha i bhfeidhm fós, áfach. Sin freagracht na hearnála próiseála go príomha. Leanfaidh an Roinn de bheith ag obair i gcomhar leis an earnáil phróiseála chun an chumraíocht is fearr agus is féidir a bhaint amach laistigh den earnáil go háirithe i dtéarmaí scála. | C |
| | | Fógraíodh pacáiste nua próiseála déiríochta i ndeireadh na bliana 2006, ar fiú timpeall le 300 milliún euro é mar infheistíocht chomhiomlán chaipitiúil in imeacht na dtrí bliana atá romhainn amach. Beidh 100 milliún euro de chúnamh deontais ón Rialtas le háireamh san infheistíocht. Aithnítear sa phacáiste go bhfuil géarghá leis an Stát a dhul chun cainte leis an earnáil phróiseála d'fhonn an timpeallacht is fabhraí ar féidir leis an earnáil oibriú inti a bhaint amach agus cabhrú léi i dtéarmaí an scála agus an éifeachtúlacht a mhéadú, go háirithe. Déanfaidh Fiontraíocht Éireann an pacáiste a riar agus beidh tacaíocht ar fáil chun íoc as foirgnimh a thógáil agus a fháil, as innealra agus trealamh nua, agus as costais eile a bhainfidh leis an gcéanna, agus cuirfear in oiriúint do riachtanais indibhidiúla gach aon infheistíochta í. Tá na mórchuideachtaí déiríochta go léir tar éis níos mó tionscadal a chur isteach chun an chiste ná mar atá de sholáthar sa chiste ina gcomhair. Táthar tar éis tosú ar an measúnú tráchtála agus teicniúil ar iarratais agus fógrófar cé dóibh a dtabharfar deontais i mí Aibreáin/mí na Bealtaine i mbliana. | |
| | 83 | Déanfaidh an Roinn agus Gníomhaireachtaí Stáit infheistíocht leanúnach agus infheistíocht bhreise ar thaighde agus ar fhorbairt, agus ar fhorbairt margaí, a chur chun cinn agus tacóidh siad leo sin. | B |
| | | Féach Gníomhartha 24 go 37 thuas. | |
| | 84 | Treiseofar bearta chun tacú, trí leithdháilte cuóta bainne, le forbairt táirgí mórluacha agus táirgí bainne | B |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | speisialtachta ag oibritheoirí beaga. | |
| | | I gcomhthéacs na Scéime Trádála Cuóta Bainne nua a fógraíodh le déanaí, tá an Roinn ag déanamh fiosrú gníomhach ar an modh is éifeachtúla chun cuótaí a leithdháileadh ar oibritheoirí beaga, atá comhsheasmhach agus i gcomhréir leis na rialacháin um chuótaí bainne agus rialú/fíorúcháin agus atá de réir na rialachán sin. | |
| | 85 | Leanfaidh an clár athstruchtúrúcháin cuótaí dhá bhliain atá ar siúl faoi láthair ar aghaidh i mbliain a 2006. | A |
| | | Lean an clár athstruchtúrúcháin dhá bhliain ar aghaidh i mbliain a 2006 agus tiocfaidh sé chun críche mar atá ceangailte sna rialacháin i ndeireadh na Bliana Cuóta Bainne 2006/2007. | |
| | 86 | Cuirfear tús le hathrú substainteach ar an gcóras athstruchtúrúcháin cuótaí an 1 Aibreán 2007. Déanfar comhshocraíochtaí i gcomhar le scairshealbhóirí chun córas margaidh oscailte i leith cuótaí a aistriú a thabhairt isteach ar cuspóir dó comhdhlúthú gabháltas a urasú, an éifeachtúlacht a fheabhsú agus cur le táirgeadh bainne a bheidh níos iomaíche. | A |
| | | Cuireadh tús leis an mbeart seo chun córas margaidh níos oscailte agus níos follasaí maidir le cuótaí bainne a aistriú timpeall le deireadh na bliana 2006. Fógraíodh torthaí an Chéad Scéim Thrádála Cuótaí Bainne an 31 Eanáir 2007. Táthar tar éis dáta an dara malartú a fhógairt arb é an 9 Márta 2007 a spriocdháta. Beidh an malartú i bhfeidhm i rith an chuid tosaigh de mhí Aibreáin. De thoradh an chórais nua seo i gcomhair cuótaí bainne, is amhlaidh go bhféadfar bainisteoireacht níos éifeachtúla a dhéanamh ar an mbeartas i leith cuótaí i dtimpeallacht nua na dtacaíochtaí scortha margaidh inmheánaigh agus tuilleadh iomaíochta idirnáisiúnta de dheasca liobrálú ar an trádáil dhomhanda. Cinnteofar leis an malartú cuótaí go scaoilfear cuótaí go luath uathu siúd ar mian leo éirí as an táirgeadh déiríochta agus iad a bhronnadh ar fheirmeoirí déiríochta tiomanta forásacha. Leanfaidh na malartuithe de bheith ag oibriú i ngach aon limistéar Comharchumainn agus beidh an cuóta a chruthófar tríd an scéim ar fáil do cheannaitheoirí i gcomhair na bliana cuóta bainne 2007/2008 | |
| | 87 | Leanfaidh Teagasc do chabhair a thabhairt d'fheirmeoirí lena mhór a dhéanamh dá gcuid fáltas ó fhiontair déiríochta lena n-áirítear iarrachtaí ar an méid próitéine i mbainne a mhéadú agus ceanglais chomhshaoil a chomhlíonadh. | B |
| | | Tá an clár comhairliúcháin agus taighde déiríochta ag Teagasc á dhíriú go géar ar fháltais ón déiríocht a uasmhéadú mar aon le féachaint chuige go gcosnófar | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | an comhshaol. Cuid thábhachtach den chlár seo is ea an méid próitéine i mbainne a mhéadú. Ceann de na gealltanais talmhaíochta in *I dTreo 2016* is ea go ndéanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia an faireachán a dhéanann sí ar an réim tástála bainne a leathnú amach chun go gcuimseoidh sé próitéin bhainne agus comhábhair eile a úsáidtear chun críocha íocaíochta agus tá sé sin á fhorbairt. | |
| | 88 | Tacóidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia le Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann chun arduithe suntasacha ar an ráta feabhsúcháin géiniteach eallaigh déiríochta a fhorbairt agus a sholáthar trí mheascán de scéimeanna feabhsaithe pórúcháin, meastóireacht ghéiniteach agus seirbhísí faisnéise do gach aon earnáil den tionscal. | B |
| | | Sholáthair an Roinn Talmhaíochta agus Bia tacaíocht airgid chun breis forbartha a dhéanamh ar mheasúnacht ghéiniteach a dhéanamh ar thréithe atá iomchuí maidir le cinntí pórúcháin i leith athsholáthar déiríochta. Tá tuilleadh feabhsúcháin déanta ar sheirbhísí measúnachta géinití déiríochta ó rinneadh feabhsú breise ar an innéacs measúnachta géinití déiríochta, an tInnéacs Pórúcháin Eacnamaíoch (EBI). Is féidir le feirmeoirí, a bhuíochas ar fhoilsiúchán Chónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann i dtaobh liosta na dtarbh gníomhach, cinntí a dhéanamh go furasta i dtaobh pórúcháin trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis is fearr dá bhfuil ar fáil ar thairbh atá iomchuí maidir le tosca in Éirinn. Táthar tar éis an tseirbhís nua faisnéise *'Herdplus'* d'fheirmeoirí a sheoladh ina bhfaightear tuarascálacha ar thréad aonair agus ina bpléitear ábhair leithéidí an phátrúin beireatais laonna, tuarascáil ar cháilíocht bhainne, an fheidhmíocht síolrúcháin agus mianach géiniteach an tréada, ar féidir le duine féachaint ar an uile cheann acu sin ar an idirlíon más toil leis nó léi é sin. Tá cuid mhór forbartha déanta go dtí seo ar shaoráid nua chuardaigh a bheidh bunaithe ar an idirlíon, *Sire Advice*, agus féadfar gach aon bhó i dtréad a chur leis an tarbh IS is cuí. Tá an clár tástála tarbh *Gene Ireland* tar éis socruithe a dhéanamh maidir le 45 tharbh a thástáil i dtréada beireatais laonna earraigh i mbliain a 2006 trína bhféadfar tairbh a thástáil de réir tosca Éireannacha, arb é an toradh a bheidh air ná go dtiocfaidh na tairbh is oiriúnaí i gcomhair córas feirmeoireachta in Éirinn. | |
| | 89 | Tabharfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia, i gcomhar leis an nGrúpa Idirchaidrimh Foraoiseachta, a hathbhreithniú ar chuspóirí fadtéarmacha na foraoiseachta chun críche agus cinnteoidh sí go mbeidh an réimse tacaíochtaí ón Rialtas a bheidh i bhfeidhm i gcomhair fhorbairt na foraoiseachta in Éirinn oiriúnach | B |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | cuí | |
| | | Tá an t-athbhreithniú straitéiseach ar an bhforaoiseacht tugtha chun críche agus tá an tuarascáil á tabhairt chun críche anois.<br>Tá dul chun cinn mór á dhéanamh i roinnt réimsí eile, leis, e.g.<br><br>• An deontas 100% agus an phréimh 20 bliain á gcoinneáil i gcaitheamh na tréimhse nua den Phlean Forbartha Réigiúnaí.<br>• Méaduithe móra ar an deontas curtha crann agus bóithre.<br>• Réim chuimsitheach de bhearta atá leagtha amach agus ar áireamh sa Chlár um Fhorbairt na Tuaithe — a raibh na scairshealbhóirí go léir sásta leo tríd is tríd.<br>• Scéimeanna nua á bhforbairt i gcomhair na bithmhaise agus fuinnimh adhmaid, as a spreagfar margaí nua.<br>• IFORIS, an córas nua ríomhaireachta, ar éirigh go binn lena chur i ngníomh. Tá an fiosrú á dhéanamh faoi láthair i dtaobh é a chur chun feidhme i leith an idirlín.<br>• An saothar allamuigh i gcomhair an Fhardail Náisiúnta Foraoiseachta curtha i gcrích agus táthar ag súil lena fhoilsiú i mí an Mheithimh.<br>• An tAthbhreithniú Reachtaíochta curtha i gcrích agus na Cinn ullamh ag an Rialtas.<br>• An Straitéis Chomharthaíoch Foraoiseachta tugtha chun críche— mórthionscadal CFG lena ndíreofar ar bheartais agus ar chrainn a chur san am atá le teacht.<br>• Iarradh tograí chun nuálaíocht a thabhairt isteach san earnáil agus d'éirigh go binn leis an iarraidh.<br>• Clár nua oiliúna, a leagadh amach agus a cuireadh i gcrích i gcomhar leis an earnáil.<br>• Clár nua cothúcháin, a leagadh amach agus a cuireadh i gcrích i gcomhar leis an earnáil, leis.<br><br>Rogha tharraingteach í an fhoraoiseacht de thoradh na mbeart seo. | |
| | 90 | Cinnteofar tríd an gclár maoiniúcháin foraoiseachta chun na mblianta 2007-2013 gur féidir le feirmeoirí ar mhian leo a gcuid talún go léir nó cuid di a chuir faoi chrainn a gcuid cinntí a dhéanamh ar an mbonn ná staonfaidh an Rialtas óna chuid tiomantais i leith na foraoiseachta. Beidh an tiomantas sin ar aon dul le tacaíochtaí eile atá bunaithe ar an talamh agus beidh sé | B |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ag cur leo. | |
| | | Táthar tar éis an Plean Forbartha Tuaithe nua a dhréachtú i gcomhchomhairle leis an earnáil atá sásta lena chuid forálacha tríd is tríd. Táthar tar éis a chur faoi bhráid an AE lena cheadú agus tá méadú coiteann is ionann agus 15% ar an bPréimh bhliantúil Fhoraoiseachta á chur i ngníomh faoi láthair, rud a dtiocfaidh éifeacht leis ó mhí Aibreáin amach agus táthar tar éis Scéim Cosanta Timpeallachta Foraoise (SCTF) a sheoladh a ndírítear go sonrach ar fheirmeoirí de chuid na Scéime um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS) ann. Sa scéim seo, tugtar ráta préimhe níos tarraingtí mar chúiteamh ar fhoraoiseacht ina dtugtar níos mó airde ar an timpeallacht a chruthú. | |
| | 91 | Bunófar sprioc nua bhliantúil curtha crann trína gcoimeádfar an méid íosta táirgeachta is gá lena dheimhniú go dtabharfar forbairt an tionscail adhmaid anonn sna deich mbliana atá romhainn amach. | C |
| | | Tá tograí i dtaobh spriocanna curtha crann le fáil san athbhreithniú straitéiseach foraoiseachta a fhoilseofar gan rómhoill. | |
| | 92 | Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia mórfheachtas foraoiseachta a sheoladh i mbliain a 2006 chun an fhoraoiseacht a chur chun cinn. | A |
| | | Seoladh comhfheachtas de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia agus Shreang-Thionscal Foraoiseachta na hÉireann chun an fhoraoiseacht a chur chun cinn i mí an Mheithimh 2006. | |
| | 93 | Beidh an clár IFORIS i bhfeidhm go luath i mbliain a 2006 lena chinntiú go ndéanfar deontais fhoraoiseachta agus íocaíochtaí préimhe a bhainistiú trí chóras éifeachtúil teicneolaíochta faisnéise. | A |
| | | Cuireadh an clár íocaíochta IFORIS ar líne i mí an Mhárta 2006 agus tá ag éirí go binn lena oibriú. Beart feabhsaithe teicneolaíochta faisnéise is ea é agus beidh sé ina chabhair le rialuithe nua rialála a thabhairt isteach agus le teicneolaíocht nua a thionscnamh. Táthar tar éis tosú, leis, ar obair a dhéanamh ar scóip Chéim 2 de thionscadal IFORIS ar a mbeidh saoráid iarratais ar líne. | |
| | 94 | Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia an fardal náisiúnta foraoiseachta atá á dhéanamh aici ar tháirgeacht foraoiseachta a thabhairt chun críche i mbliain a 2006 agus déanafaidh sí forbairt ar fhaisnéis eile fhardail, go háirithe i ndáil le táirgeadh bithmhaise adhmaid. | C |
| | | Tá an Fardal Náisiúnta Foraoiseachta i mbéal a chríochnaithe. Tá an saothar allamuigh tugtha chun críche agus tá an anailís deisce á déanamh faoi láthair. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Táthar ag súil go bhfoilseofar an fardal i Samhradh na bliana 2007. | |
| | 95 | Déanfaidh Teagasc clár lánpháirtiúil comhairle agus taighde a chur ar bun chun forbairt níos mó ar an bhforaoiseacht a spreagadh. | A |
| | | Tá clár foraoiseachta Theagasc i gcomhair na bliana 2006 ceadaithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus tá sé á oibriú faoi láthair. Táthar tar éis sain-Aonad Forbartha Foraoiseachta a bhunú ina bhfuil 20 duine d'fhoireann taighde agus comhairliúcháin á mbainistiú ag Ceann Aonaid ar bhonn náisiúnta. Tá dlúthbhaint ag an aonad leis an tseirbhís ghinearálta chomhairliúcháin agus tá an fhoraoiseacht á cur chun cinn mar phríomhrogha mhalartach ar an bhfeirm. Tá an clár comhairliúcháin agus oiliúna á fheidhmiú i gcomhpháirt le Seirbhís Fhoraoiseachta na Roinne Talmhaíochta agus Bia agus tá cómhaoiniú ar an gclár taighde á dhéanamh ag an gComhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise (COFORD), atá ar thús cadhnaíochta i dtaca le taighde ar an bhforaoiseacht | |
| | 96 | Forbrófar deiseanna nua margaíochta i gcomhair tanuithe, go háirithe i ndáil le fuinneamh in-athnuaite. | B |
| | | Tá tacaíocht á tabhairt do raon leathan tionscnamh, lena n-áirítear treoirthionscadail, an scéim um thithe glasa agus an scéim atá á moladh chun bithmhais a tharlú. Tá deiseanna nua margaidh i gcomhair tanuithe á bhfáil tríothu seo agus tiocfaidh feabhas ar an soláthar amhábhair dá dtoradh. Ghlac COFORD, Bord na Móna, an tSeirbhís Fhoraoiseachta agus Teagasc an Clár Fuinnimh Fhoraoise 2006 ar láimh i gcomhpháirt le chéile agus is éard a rinneadh ann ná léirithe faoi tharlú fuinnimh adhmaid agus ar phróiseáil fuinnimh adhmaid a dhéanamh do bhreis is 1,000 duine a ghlac páirt iontu i gcúig chinn d'ionaid mar aon le comhdháil deiridh i mí na Nollag 2006. | |
| | 97 | Déanfar breithniú ar thacaíocht a thabhairt do bhainistiú níos fearr ar eastáit fhoraoiseachta lena n-áirítear crainn a dhiogáil, crainn a thanú, oiliúint, athbhunú agus bóithre foraoise. | C |
| | | Tá sé seo ar aon cheann amháin de na tograí atá ar áireamh sa Phlean Forbartha Réigiúnaí nua atá á mholadh agus a bhfuiltear ag feitheamh leis an gCoimisiún é a cheadú. | |
| | 98 | Leanfar den tacaíocht don choillearnach dhúchasach, scéimeanna coillte comharsan agus táirgí crann leathanduilleach. | C |
| | | Tá socruithe chun na scéimeanna seo déanta sa Phlean Forbartha Réigiúnaí nua. Beidh an gealltanas maidir le 30% de na crainn a chuirfear a bheith ina gcrainn | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | leathanduilleacha, mar a baineadh amach i mbliain a 2006, ar bun fós i leith an Chláir nua. | |
| | 99 | Coinneofar an tiomantas i leith taighde agus forbairt dhóthanach a dhéanamh ar earnáil na foraoiseachta. | B |
| | | Mar chuid den chlár taighde agus forbartha aige i gcomhair na bliana 2006, d'iarr COFORD tograí a chur isteach chuige i dtaobh an athraithe aeráide, na bithéagsúlachta, pleanála/bainisteoireachta foraoisí, eacnamaíochta agus beartas. Lena chois sin, leagadh amach tograí sa chaoi go spreagfaí cláir taighde níos fadtéarmaí. Táthar tar éis cistiú méadaithe ar fiú 4 mhilliún euro é a sholáthar do COFORD i gcomhair na bliana 2007 chun cabhrú leis leanúint leis an gclár taighde agus forbartha aige. | |
| | 100 | Rachfar go gníomhach i mbun scéimeanna tacaíochta do threalamh tanaithe, tarlaithe agus táirgthe bithmhaise adhmaid i mbliain a 2006. | B |
| | | Tá beart ar cuspóir dó tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí dá samhail sa phlean forbartha réigiúnaí nua atá á mholadh. Déanfar sonraí i dtaobh Scéim um Threalamh Tarlúcháin Bithmhaise Adhmaid a nochtadh don phobal gan rómhoill. Is é cuspóir na scéime atá beartaithe ná infheistíocht ar threalamh próiseála bithmhaise adhmaid, leithéidí inneall smiotaíola lánchrainn agus inneall burlála iarmhair foraoise, a spreagadh. | |
| | 101 | Tá scéim dheontas chun soirn dóite adhmaid a shuiteáil á seoladh ag Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha mar thacú leis an mbreis úsáide atá á baint as fuinneamh in-athnuaite in Éirinn. | A |
| | | Tá tús curtha leis an scéim agus tá deontais ar fáil anois ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann chun coirí millíní agus sliseanna a shuiteáil. | |
| | 102 | Treiseofar cosaint shláinte na n-eastát foraoiseachta ar bhagairtí bitheolaíocha agus ar bhagairtí eile. | |
| | | Táthar ag plé le díobháil d'eastáit fhoraoiseachta ag an dá ainmhí is mó a dhéanann creachadh orthu, mar atá, fianna agus an t-iora glas, tríd an Scéim Phíolótach um Chlaítheoireacht i gcoinne Fianna, a seoladh i mbliain a 2006, agus tríd an Tionscadal Taighde chun an tIora Glas a choimeád faoi smacht. | |
| | 103 | Leanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia ag cur le forbairt beartas i leith bithbhreoslaí, go háirithe maidir le dul chun cinn níos mó a dhéanamh ar an teicneolaíocht. | B |
| | | Oibreoidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia go gníomhach ar mhaithe le beartais i dtaobh bithbhreoslaí a fhorbairt i ndáil leis na Gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithfhuinnimh chun tacú le barra fuinnimh a | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | tháirgeadh, breis coillteoireachta agus le taighde agus le forbairt in earnáil na Talmhaíochta. Táthar tar éis 2.5 milliún euro a leithdháileadh i gcomhair tionscadal comhoibíoch taighde leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha maidir leis na gnéithe feirmeoireachta a bhaineann le táirgeadh bithfhuinnimh. | |
| | 104 | Rachaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia go gníomhach i mbun beartas de chuid an AE ar bhithbhreoslaí a fhorbairt agus déanfaidh sí feabhsúcháin ar scéim na mbarr fuinnimh a chur chun cinn agus a lorg, go háirithe. | B |
| | | Leanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i leith an Phlean Gníomhaíochta Bithmhaise de chuid an AE, Straitéis an AE i gcomhair Bithbhreoslaí agus Scéim na mBarr Fuinnimh ag an AE a chur i ngníomh. Beidh 6 mhilliún euro á gcur ar fáil ó 2007 go 2009 chun íocaíocht náisiúnta ar fiú 80 euro in aghaidh an heicteáir í a chur mar bhreis ar phréimh Bharr Fuinnimh an AE atá á fáil faoi láthair agus ar fiú 45 euro an heicteáir í. | |
| | 105 | Bainfear leas as an gClár Spreagtha Taighde chun tionscadail taighde ar bhithbhreoslaí a spreagadh agus ar úsáid eile a bhaintear as barra nach bia iad. Tabharfaidh Teagasc acmhainní breise, leis, chun an réimse seo. | B |
| | | Leathnaíodh Clár Chiste Spreagtha Taighde (CST) na Roinne i mbliain a 2005 chun taighde ar bhithbhreoslaí a áireamh ann. Beidh tionscadail a dtabarfar tacaíocht dóibh faoin gClár seo ina gcomhlánú ar an obair taighde atá á déanamh ag Teagasc agus ag eagraíochtaí eile i réimse na mbithbhreoslaí. I bhfeachtas an Chiste Spreagtha Taighde i mbliain a 2005, bronnadh cúnamh ar mhodh deontas ar fiú 4.5 milliún euro é ar dhá thionscadal déag. Baineann trí cinn acu sin le bithbhreoslaí agus le barra fuinnimh ar fiú 0.9 milliún euro luach an chistiúcháin atá curtha ar fáil chucu. Méadaíodh cistiú an Chiste Spreagtha Taighde go 18 milliún euro i bhFeachtas na bliana 2006 agus rinneadh cistiú arbh fhiú 0.6 milliún euro é ar dhá thionscadal eile. | |
| | 106 | Leanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia ag déanamh éascaíochta d'úsáid geire mar bhithbhreosla i gcoirí teirmeacha i monarchana gléghlantacháin agus i monarchana móra feola chun fuinneamh a sholáthar. | B |
| | | Tugann an Roinn faisnéis agus treoir don trádáil trína foireanna chigireachta chun éascaíocht a dhéanamh do chomhlíonadh Rialachán 2067 an AE 2005 agus I.R. 612 de 2006, ina bhfuil na coinníollacha nach mór a | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | chomhlíonadh chun geir a dhó i gcoirí teirmeacha. Táthar tar éis aon Mhonarcha Fheola amháin (dhá dhóire) agus trí Mhonarcha Ghléghlantacháin (sé dhóire san iomlán) a cheadú. Tá dhá Mhonarcha Ghléghlantacháin eile, ceithre Mhonarcha Déiríochta eile, aon Mhonarcha Fheola dhéag eile, aon Dhéantúsóir Beatha Ainmhithe amháin, aon Táirgeoir Mine Éisc amháin agus aon Mhonarcha Bhuidéalúcháin agus Déantúsaíochta Sú tar éis a gcuid suime san ábhar a nochtadh. Próiseálfar na hiarratais seo gan rómhoill. | |
| | 107 | Tabharfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia nósanna imeachta isteach chun bithdhíosal a dhéanamh de gheir. | C |
| | | Tá foráil déanta i Rialachán 92 an AE 2005 agus I.R. 612 de 2006 maidir le geir a athrú go bithdhíosal. Tá an Roinn tar éis dul chun cainte le hinfheisteoirí ionchasacha maidir le monarchana bithdhíosail atáthar a bheartú a bhunú ina n-úsáidfí geir mar ábhar beatha, i mBéal Átha na Sluaighe agus i Ros Mhic Thriúin faoi seach. Ina theannta sin, táthar tar éis réamh-chomhfhreagras a dhéanamh le hoibritheoir atá ag beartú ar mhonarcha rímhór ina n-úsáidfí bithghás agus bithdhíosal in éineacht. Is léir ó thuairisciú na meán cumarsáide gur spéis le daoine agus le cuideachtaí eile an réimse seo, cuideachta fheola, comharchumann agus feirmeoir san áireamh. Tá cead pleanála faighte i roinnt cásanna. Níor cuireadh aon iarratas foirmiúil ar cheadú curtha faoi bhráid na Roinne go dtí seo. D'fhógair an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha i mí na Samhna go bhfuiltear chun faoiseamh ó mhál a dheonú do 16 thionscadal faoin Scéim um Bhithbhreoslaí II, agus ceaptar go bhféachfaidh cuid acu sin le geir a úsáid mar ábhar beatha i gcomhair bithdhíosail. | |
| | 108 | Lorgóidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia ceadú ón AE chun scéime nua tacaíochtaí d'fhonn tarlú agus próiseáil bithmhaise ó fhoraoisí a spreagadh agus, lena chois sin, úsáid bithmhaise adhmaid a chur chun cinn mar fhoinse fuinnimh in-athnuaite. | B |
| | | Déanfar sonraí i dtaobh Scéime nua um Threalamh Tarlúcháin Bithmhaise Adhmaid a nochtadh don phobal ar ball. Is é cuspóir na scéime ná infheistíocht ar threalamh próiseála bithmhaise adhmaid, leithéidí inneall smiotaíola lánchrainn agus inneall burlála iarmhair foraoise, a spreagadh. Rinne an Roinn, i gcomhar le Teagasc, an Chomhdháil Náisiúnta um Bithmhais In-Athnuaite a eagrú an 6 agus an 7 Márta 2007. | |
| | 109 | Seolfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia tionscadal | B |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | píolótach ar chrainn sailí a chur chun tuilleadh meastóireachta a dhéanamh ar a n-acmhainn ó thaobh an bhithfhuinnimh agus dramhaíl a chur chun siúil de. Féachfar, leis, ar acmhainn miscanthus mar bharr bithmhaise. | |
| | | Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia tar éis Scéim nua Bhithmhaise a fhógairt, a mhairfidh ar feadh tréimhse teoranta chun deontais bhunúcháin a thabhairt d'fheirmeoirí chun crainn sailí agus miscanthus a chur lena n-úsáid mar fhoinse in-athnuaite fuinnimh. Is é 1,450 euro in aghaidh an heicteáir an cúnamh uasta deontais is iníoctha, faoi réir teorann iomlán is ionann agus 20 heicteár an t-iarratasóir i mbliain a 2007. Tá 8 milliún euro á leithdháileadh chun na scéime seo in imeacht na tréimhse 2007-2009. | |
| | 110 | Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia úsáid teicneolaíochtaí atá i mbéal a dteachta amach de shórt an díleá anaeróbaigh agus an dócháin scaire sreabhaí a chur chun cinn. | A |
| | | Féach Gníomh 160 | |
| | 111 | Cuirfear an mheastóireacht ar éagsúlacht agus ar dheimhniú síolta agus seirbhísí tástála a sholáthraíonn an Roinn Talmhaíochta agus Bia chun cinn chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, ar mhianach agus ar inmharthanacht an táirgthe arbhair. | B |
| | | Tá faireachán leanúnach á dhéanamh ar 317 gcineál de ghránbharra, de lusra, d'arbhar Indiach foráiste, de phrátaí agus de ráib shíl ola chun a mianaigh agus chun tréithe geilleagair talmhaíochta ar láithreacha tástála ar fheirmeacha de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia agus Teagasc. Tá caibidlíocht á déanamh fós le póraitheoirí chun éifeachtúlachtaí eile a thabhairt chun cinn an séasúr seo sa chóras meastóireachta cineálacha arbhair agus tá athruithe á ndéanamh ar an scéim dheimhniúcháin shíolta as a dtiocfaidh éifeachtúlacht níos mó. | |
| | 112 | Déanfar tuilleadh forbartha agus feidhmithe ar an réim rialála i gcomhair táirgí cosanta plandaí lena chinntiú go mbainfear amach na caighdeáin is airde ó thaobh sláinte plandaí, na sábháilteachta bia agus cosaint tomhaltóirí. | B |
| | | Féadadh úsáid a bhaint as raon leathnaithe de threalamh anailíseach de thoradh na saoráidí nua a soláthraíodh in Backweston, agus bhíothas in ann dá bharr sin clár leathnaithe faireacháin ar iarmhair lotnaidicídí i mbia a chur i ngníomh.<br>I gcomhthéacs na hECFE, tá socruithe comhoibríocha tugtha isteach chun éifeachtúlacht níos fearr agus cinntí rialála níos láidre i dtaobh táirgí cosanta plandaí a sholáthar. Sa chomhthéacs seo, cuireadh tús le | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | treoirthionscadal chun athbhreithniú comhpháirteach ar fheithidicíd nua, ag Éirinn, an Astráil, Ceanada, SAM agus an Ríocht Aontaithe an 2 Feabhra 2007 agus tá sé le críochnú an 17 Márta 2008. Má éiríonn leis an gcur chuige atá glactha, fágfaidh sé go n-urrasófar d'fheirmeoirí teacht a fháil níos luaithe ar réitigh nua cosanta plandaí. | |
| | 113 | Cuirfidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia socruithe cuimsitheacha cómhaireachtála i bhfeidhm chun go bhféadfar barra traidisiúnta agus barra organácha a chur ag cómhaireachtáil le barra géinmhodhnaithe. | C |
| | | I dtuarascáil an Ghrúpa Oibre idir gníomhaireachtaí (D/AF, D/EHLG, Teagasc agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) forbraíodh straitéisí riachtanacha agus cleachtais is fearr i ndáil le cómhaireachtáil barr údaraithe géinmhodhnaithe in aice le barra neamh-ghéinmhodhnaithe in Éirinn. Cuireadh tús le próiseas comhchomhairliúcháin pobail tar éis an tuarascáil sin a fhoilsiú. Táthar tar éis dréacht-Ionstraim Reachtúil a ullmhú ar bhonn na tuarascála sin, an phróisis comhchomhairliúcháin agus an chleachtais idirnáisiúnta is fearr. Cuirfear an reachtaíocht faoi bhráid Choimisiún an AE lena himréiteach tar éis í a chur faoi bhráid an Aire lena ceadú. | |
| | 114 | Spreagfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia tionscnaimh ag an tionscal chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar mhianach gráin. | C |
| | | Táthar tar éis roinnt cruinnithe a thionól idir na heagraíochtaí feirmeoireachta, An Bord Bia, an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú agus an tionscal d'fhonn scéim dhearbhúcháin cháilíochta lánchreidiúnaithe a thabhairt isteach. Tá an chaibidlíocht ar siúl fós leis na páirtithe leasmhara go léir. | |
| | 115 | Leanfaidh Teagasc ag cuidiú le feirmeoirí a gcuid fáltas ó fhiontair arbhair a uasmhéadú trína chuid seirbhísí taighde, oiliúna agus comhairliúcháin. | B |
| | | Tá riachtanais na dtáirgeoirí arbhair athbhreithnithe ag an bhFoireann Tráchtearraí Barr de chuid Theagasc. Ar na tosaíochtaí i gcomhair an chláir comhairliúcháin um barra curaíochta tá Íocaíochtaí Aonair Feirme, barra is mó agus is féidir a shaothrú agus ar ardchaighdeán mianaigh ar an gcostas is ísle agus is féidir. Tá teicneolaíocht de réir na gcleachtas is fearr agus measúnacht airgeadais á gcur chun cinn agus á léiriú ar fheirmeacha faireacháin, ar ráitis chumarsáide agus ar sheisiúin chomhairliúcháin duine le duine. Cuspóir eile a bhaineann le taighde ar bharra is ea saothrú agus úsáid barr malartach chun críocha bithfhuinnimh agus chun críocha eile nach baineann le bia. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 116 | I bhfianaise na modhnuithe atáthar tar éis a dhaingniú sna socruithe maidir le hathchóiriú siúcra, is iad na táirgeoirí agus an próiseálaí a dhéanfaidh cinntí ar tháirgeadh siúcra agus biatais siúcra san am atá le teacht. | C |
| | | I mí an Mhárta 2006, chinn an próiseálaí siúcra (Grúpa Greencore cpt) ar dheireadh a chur le siúcra a tháirgeadh in Éirinn. Dúnadh dá réir sin i mí na Bealtaine 2006 an t-aon mhonarcha siúcra amháin a bhí fágtha i Mala. | |
| | 117 | Déanfaidh an Rialtas na bearta is gá chun na socruithe cúitimh chun na hearnála siúcra a chur i ngníomh, mar atá ceangailte i gcomhchomhairle leis na páirtithe leasmhara. | B |
| | | Tá trí eilimint sa phacáiste cúitimh, ar fiú breis is 310 milliún euro é d'Éirinn:<br><br>1. **<u>Cúiteamh do shaothróirí sa laghdú ar phraghas an bhiatais siúcra</u>**. Táthar tar éis é seo a chorprú sa Scéim Íocaíochta Aonair ó bhliain a 2006 amach. Is fiú timpeall le €123 milliún do shaothróirí Éireannacha é in imeacht seacht mbliana.<br>2. **<u>Cúnamh athstruchúrúcháin ag an AE don tionscal siúcra</u>** ar fiú timpeall le €145 milliún é. De réir rialacháin an AE, rinne an Rialtas cinntí áirithe i mí Iúil 2006 maidir leis an gcúnamh athstruchtúrúcháin a chur i ngníomh, an céatadán a bheidh le cur in áirithe do lucht saothraithe biatais agus chonraitheoirí saothraithe biatais go háirithe. Is ábhar d'imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh arna dtionscnamh ag Greencore san Ard-Chúirt na cinntí seo, a bunaíodh ar shainchomhairle neamhspleách tar éis próisis dhéin comhchomhairliúcháin le geallsealbhóirí. Tá an éisteacht le tosú an 1 Bealtaine 2007. Faoi rialacháin an AE, bheadh an chéad tráthchuid den chúnamh le híoc i mí an Mheithimh 2007.<br><br>3. **<u>Cúnamh éagsúlúcháin</u>** ar fiú beagnach €44m é. Táthar tar éis clár náisiúnta athstruchtúrúcháin a ullmhú agus a chur faoi bhráid Choimisiún an AE, de réir Rialacháin an AE, d'fhonn an cúnamh éagsúlúcháin a tharraingt anuas. Tá foráil déanta sna Rialacháin go bhféadfaí tosú ar | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | an gcúnamh seo a íoc i mí Mheán Fómhair 2007. | |
| | 118 | Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia leasanna táirgeoirí Éireannacha agus tomhaltóirí Éireannacha a uasmhéadú sa chaibidlíocht i dtaobh leasú san am atá le teacht ar chomheagrú an mhargaidh ar thorthaí agus ar ghlasraí. Is é is cuspóir a bheidh leis seo ná an pháirt atá ag Eagraíochtaí Táirgeoirí a threisiú i leith soláthar agus margaíocht torthaí agus glasraí chun go mbeidh cumhacht acu i margadh atá faoi smacht ag na miondíoltóirí iolracha. | C |
| | | Tíolacadh tograí i dtaobh leasú na réime Torthaí agus Glasraí do Chomhairle na nAirí an 31 Eanáir 2007. Táthar ag leanúint leis an bplé ar na tograí, lena ngabhann cistiú méadaithe i gcomhair beart áirithe agus tuilleadh solúbthachta sna rialacha lena rialaítear eagraíochtaí táirgeoirí, ar Leibhéal an Ghrúpa Oibre faoi Uachtaránacht na Gearmáine atá ag súil le teacht ar chomhaontú roimh an gComhairle i mí an Mheithimh. | |
| | 119 | Soláthróidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia tacaíocht deontais a dhíreofar go straitéiseach ar thionscadail ghairneoireachta maidir le táirgeadh, próiseáil agus margaíocht agus arb é an aidhm a bheidh leo feabhas a chur ar fhorbairt agus ar iomaíochas foriomlán na hearnála. | C |
| | | Is í Scéim Chúnaimh Deontais Chaipitiúil de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta atá ar bun faoi láthair is mó a spreagann forbairt na n-earnálacha gairneoireachta agus prátaí. Táthar tar éis breis agus €7m de chúnamh deontais a thabhairt mar infheistíocht chaipitiúil lena ndearnadh giaráil chaipitiúil ar fhiú timpeall is €20m é ar an infheistíocht fhoriomlán do na 174 saothróir lena mbaineann. Tá cúnamh deontais ar fiú €1.5m é á sholáthar chun earnáil na bprátaí síl a fhorbairt lena dtabharfar an tacaíocht atá soláthartha ó bhliain a 2005 i leith go dtí €2.5m. Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, tá cistiú á sholáthar fós d'infheistíochtaí caipitiúla d'fhonn earnáil na gairneoireachta tráchtála agus na bprátaí síl a fhorbairt. Tá na bearta seo ar áireamh sa chlár forbartha tuaithe atá curtha faoi bhráid Choimisiún an AE lena cheadú. Nuair a cheadófar é, seolfar scéim tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. | |
| | 120 | Tacóidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia le táirgeadh táirgí gairneoireachta ar fud na bliana chun freastal ar éilimh mhéadaitheacha tomhaltóirí Éireannacha. | C |
| | | Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus an Scéim Eagraíochta Táirgeoirí, is amhlaidh go bhfuil an tacaíocht á tabhairt do shaothróirí chun freastal ar | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | éilimh áitiúla ar thorthaí agus ghlasraí úra a sholáthar ar fud na bliana. | |
| | 121 | Díreoidh Teagasc a gcuid clár ar thaighde, ar sheirbhísí comhairliúcháin agus ar oiliúint chun bonn a chur faoi iomaíochas na hearnála gairneoireachta tráchtála. | B |
| | | Táthar tar éis Aonad Forbartha Gairneoireachta Theagasc a bhunú agus tá ocht nduine is fiche fostaithe ar an bhfoireann chomhairliúcháin agus taighde ar bhonn náisiúnta. Táthar tar éis ceithre cinn d'Fhoirne Forbartha Foirne a bhunú, mar atá, Torthaí, Glasraí, Stoc Plandlainne agus Muisiriúin. Tá ceithre Fhoireann Tráchtearraí a dhéanann ionadaíocht ar an Tionscal, an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus ar an mBord Bia agus a dhéanann pleanáil agus stiúradh ar chlár gach foirne forbartha foirne, agus arb é an cúspóir atá acu ná bonn a chur faoi iomaíochas na n-earnálacha gairneoireachta tráchtála. | |
| | 122 | Leanfaidh Bord Bia ag feidhmiú an Chláir Dearbhaithe Cáilíochta i gcomhair glasraí agus prátaí aige, agus cuirfidh sé tábhacht torthaí agus glasraí in aiste bia fholláin chun cinn go láidir i gcomhar le geallsealbhóirí de chuid an tionscail. | B |
| | | Cuireadh tús leis an dara bliain de chlár 'Laochra Lóin' chun leanaí scoile a spreagadh le torthaí agus glasraí a ithe trí ath-thástáil, dhuaiseanna agus phiareiseamláirí i mí Mheán Fómhair 2006. Tá an tAE, an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus an trádáil ag déanamh cistiú air. Fuair an clár duais an chleachtais is fearr go hidirnáisiúnta ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i mbliain a 2006.<br>Tar éis an fhreagra dhearfaigh a tugadh ar an gclár, sheol an tAire Ní Chochláin Tionscnamh Itheacháin Shláintiúil, lena ndéanfar an clár a chur ar fáil do bhunscoileanna ar bhonn náisiúnta maoinithe an 18 Feabhra.<br><br>Ar na tograí i leith leasú ar réim an AE maidir le torthaí agus glasraí atá faoi chaibidil faoi láthair (féach Gníomh 118) thuas, tá bearta nua le daoine óga a spreagadh chun torthaí agus glasraí a ithe.<br><br>Tá Clár Dearbhaithe Cáilíochta daingean suite i gcomhair torthaí agus glasraí ag An mBord Bia agus coinníoll ríthábhachtach chun tacaíochta faoi scéim chúnaimh deontais gairneoireachta an Phlean Forbartha Náisiúnta agus faoin Scéim Eagraíochtaí Táirgeoirí é ballraíocht den Chlár Dearbhaithe Cáilíochta. Tá An Bord Bia ag leanúint le heilimintí eile dá chlár gníomhaíochtaí i gcomhair fhorbairt earnáil na gairneoireachta, mar atá, cláir cur chun cinn | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | i gomhair na trádála agus tomhaltóirí araon, faisnéis mhargaidh, an Scéim Thacaíochta Gnó, forbairt tionscail, gairneoireacht taithneamhachta agus cláir cheannaitheora i gcomhair onnmhairí de stoc plandlainne. Tá acmhainn mhaith fáis aitheanta ag an mBord Bia in earnáil na nglasraí ullmhaithe. | |
| | 123 | Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia tástáil éifeachtach éifeachtúil ar chineálacha prátaí agus seirbhísí deimhniúcháin síolta a chur i ngníomh chun a chumasú d'Éirinn a stádas mar limistéir síl ardghráid a chaomhnú agus chun forbairt earnála prátaí síl a chothú. | C |
| | | Tá athruithe agus éifeachúlachtaí feabhsaithe á ndéanamh ar an scéim mheasúnachta agus dheimhniúcháin um chineálacha prátaí síl. Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, cuirfear cistiú ar fáil d'infheistíochtaí caipitiúla chun an earnáil phrátaí síl a fhorbairt. Tá an beart seo ar áireamh sa dréacht-Chlár um Fhorbairt na Tuaithe atá le ceadú ag Coimisiún an AE. | |
| | 124 | Déanfar moltaí an Tascfhórsa um Muisiriúin a chur i ngníomh a oiread agus is féidir lena chinntiú go gcuirfear bonn daingean faoin tionscal agus go mbeidh sé ábalta leas a bhaint as acmhainn chun tuilleadh fáis a dhéanamh ar onnmhairí. | C |
| | | Tá na moltaí i dtaobh Chéim III múirín, saoráidí feirme, margaíocht agus cur chun cinn, oiliúint/comhairliú/taighde agus an timpeallacht, á dtabhairt chun cinn leis na gníomhaireachtaí iomchuí stáit. | |
| | 125 | Cuirfidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia forbairt na hearnála orgánaí chun cinn trí thacaíocht dhíreach d'fheirmeoirí orgánacha agus trí chúnamh deontais d'infheistíocht, leis, ar an bhfeirm agus lasmuigh den fheirm araon. | C |
| | | Tá tacaíocht dhíreach á soláthar d'fheirmeoirí orgánacha go dtí seo mar bheart forlíontach de chuid na Scéime um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS). Sa Chlár Forbartha Tuaithe nua 2007-2013, táthar ag beartú ar an tacaíocht seo a sholáthar mar bheart neamhspleách, ar cuspóir dó feirmeoirí nár mhaith leo páirt a ghlacadh sa Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe í féin a spreagadh chun dul i mbun táirgeadh orgánach. Leanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia le Scéim Chúnaimh Deontais a oibriú chun an Earnáil Orgánach a Fhorbairt. | |
| | 126 | Treiseoidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia ionadaíocht an lucht próiseála agus miondíola sa Ghrúpa Stiúrtha Orgánach chun fócas tráchtála na hearnála orgánaí a chur chun cinn go sonrach. Is é an | B |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | taithí atá ag tíortha eile ná go bhfuil fíorthábhacht le forbairt a thagann as an earnáil mhiondíola ó thaobh fhás na hearnála orgánaí. | |
| | | Táthar tar éis ionadaíocht na n-earnálacha próiseála agus miondíola sa Ghrúpa Stiúrtha a mhéadú agus déanfar athbhreithniú leanúnach uirthi. | |
| | 127 | I ndáil leis an tionscal orgánach, beidh dhá chuspóir ag an Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe sa chéad chlár eile, roghanna níos tarraingtí a chur ar fáil d'fheirmeoirí orgánacha agus féachaint leis an aschur orgánach a uasmhéadú, leis. | C |
| | | Féach Gníomh 125 | |
| | 128 | Oibreoidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia leis na comhlachtaí feirmeoireachta orgánacha agus le páirtithe lasmhara eile chun a dheimhniú go mbeidh muinín ag tomhaltóirí i sláine táirgí orgánacha. | B |
| | | Tá acmhainní breise sannta ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia chun iniúchadh a dhéanamh ar mhiondíoltóirí a dhíolann táirgí orgánacha nó airbheartaíonn táirgí orgánacha a dhíol. Táthar éis aon mhiondíoltóir amháin a ionchúiseamh agus tá imeachtaí eile á n-ullmhú. Oibríonn an Roinn Talmhaíochta agus Bia i gcomhar leis na comhlachtaí feirmeoireachta orgánaí agus le páirtithe leasmhara eile, tríd an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta chun na hEarnála Orgánaí, chun forbairt na hearnála a chur chun cinn agus a fhorbairt. | |
| | 129 | Déanfar Margaí Feirmeoirí a spreagadh trí chomhairle agus thacaíocht phraiticiúil ón mBord Bia agus ón Roinn. | B |
| | | Féach Gníomh 57. | |
| | 130 | Oibreoidh Teagasc leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus leis an gcomhphobal feirmeoireachta lena chinntiú go mbeidh feirmeoirí láneolach ar na deiseanna atá le fáil san earnáil orgánach. Chuige sin, neartóidh Teagasc a chuid gníomhaíochtaí feirmeoireachta orgánaí maidir le comhairliúchán, taighde, léiriú agus oiliúint. | B |
| | | Tá Teagasc tar éis comhairleoir feirmeoireachta orgánaí a ainmniú i ngach Aonad Bainisteoireachta Limistéir agus, chun freastal ar riachtanais chomhairliúcháin, tá sé ag earcú duine lena cheapadh nó lena ceapadh in ionad an speisialtóra náisiúnta ar an bhfeirmeoireacht orgánach a chuaigh amach ar pinsean le deireanas. Tá Teagasc meáite ar a dheimhniú go bhfreastalófar ar riachtanais oiliúna chun na hearnála orgánaí. Tá coláiste talmhaíochta an Chreagáin, mar shampla, ag tairiscint Ardteastais sa Talmhaíocht lena ngabhann speisialachas san eolaíocht orgánach. Tá clár taighde/léiriúcháin orgánach ar bun ag Teagasc i gColáiste Talmhaíochta Mellows, Baile Átha an Rí (Ba | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | bainne, mairt, caoirigh), Oak Park (Curaíocht) agus Caisleán Bhaile Bhaile Sheonach (Mairt). Oibríonn Teagasc go dlúth le an Roinn Talmhaíochta agus Bia lena chinntiú go n-úsáidtear na feirmeacha taispeána orgánacha ainmnithe go héifeachtúil chun eolas ar an bhfeirmeoireacht orgánach a scaipeadh. | |
| | | **Iomlán: 93, A – 7, B – 53, C-33, D-0 Céatadán A& B = 60%** | |

**TODHCHAÍ INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN**

*** Stádas**
**A:** Gníomh Curtha i gCrích **B:** Gníomh Curtha i bhFeidhm ach obair leanúnach ag teastáil
**C:** Gníomh Substaintiúil Déanta **D:** Is beag an Gníomh atá déanta

| Gníomhartha ó Phlean Gníomhaíochta 2015 | Uimh. | Dul Chun Cinn go dtí seo | Stádas |
|---|---|---|---|
| | 131 | Forbróidh agus feidhmeoidh an Roinn straitéisí agus gníomhartha cuí don earnáil talmhaíochta, ag teacht leis an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta, le súil agus freastal ar sprioc AE stop a chur le cailleadh bithéagsúlachta faoi 2010. | C |
| | | Bíonn DAF rannpháirteach sa Ghrúpa Stiúrtha Idir-Rannach a bhíonn ag faire ar fheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta. Áirítear ar an bplean reatha roinnt gníomhartha suntasacha a bheidh le déanamh ag an earnáil talmhaíochta. | |
| | 132 | Leanfaidh DAF ag obair i dtreo an sprioc d'astuithe laghdaithe ón earnáil talmhaíochta atá leagtha síos i Straitéis Athraithe Aeráide an Rialtais | C |
| | | Tá sé réamh-mheasta cheana féin go bhfuil an earnáil talmhaíochta ábalta an sprioc atá leagtha síos di i Straitéis Athraithe Aeráide an Rialtais a bhaint amach. Leanann DAF ag déanamh meastóireachta ar straitéisí eile a bhféadfadh poitéinseal a bheith acu buntáistí a sheachadadh. | |
| | 133 | Trí leas a bhaint as na príomhphrionsabal atá sa tuarascáil ó Chomhairle na Tuaithe, lorgóidh An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta comhaontú ar na saincheisteanna rochtana agus áineasa tuaithe. | B |
| | | Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Áineas Tuaithe de chuid Chomhairle na Tuaithe i mí Mheán Fómhair 2006 agus tá sí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.pobail.ie Leis an Straitéis sainmhínítear an scóip agus an fhís d'áineas tuaithe agus leagtar amach na prionsabail leathana faoina bhféadfar áineas tuaithe inbhuanaithe a bhainistiú as seo amach. Leagtar amach freisin na tascanna nach mór a ghlacadh chun an fhís sin a bhaint amach agus moltar na gníomhartha nach mór do na comhlachtaí áirithe a chomhlíonadh.<br><br>Rinne an tAire staidéar ar an tuarascáil agus ina dhiaidh sin rinne an Roinn na gníomhartha a leanas:<br><br>Tá an tAire tar éis teacht ar chomhaontú le Fáilte Ireland maidir le suas le 10 mBainisteoir Siúlóide a fhostú faoi Chlár Seirbhísí Pobail na roinne. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Is é an ról a bheidh acu turasóireacht siúlóide a chur chun cinn i gceantair ina bhfuil go leor siúlóidí oiriúnacha agus inrochtaine.<br><br>Tá an Roinn i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Fáilte Ireland, Comhar LEADER na hÉireann agus Coiste Náisiúnta Comhairleach na Slite Slímharcáilte ag aithint 30 siúlóid lúbchosáin agus slite slímharcáilte lena bhforbairt i 2007. Beidh 15 acu sin ar siúl faoi mhí an Mheithimh 2007 agus tá maoiniú de €1.5m curtha go leataobh ag an Aire i 2007 d'fhonn sin. Forbraíodh 14 siúlóid lúbchosáin i 2006 le cúnamh ón Scéim Shóisialta Tuaithe agus ón Roinn.<br><br>Lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar roinnt saincheisteanna dlí mar údar práinne, bhunaigh an tAire grúpa saineolaithe atá comhdhéanta d'Abhcóide Sinsir agus oifigigh ó Oifig an Ard-Aighne, ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ón Roinn. Bhuail an grúpa sin le chéile den chéad uair Dé Máirt 20ú Feabhra agus d'iarr an tAire orthu tuairisciú ar ais chuige faoi dheireadh mhí Aibreáin.<br><br>Tá an dréacht Chlár Forbartha Tuaithe 2007 – 13 curtha ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach lena cheadú. Beidh forbairt áineas tuaithe mar phríomhpháirt de na bearta a bheidh le leathadh amach faoin gClár nua.<br><br>Nuair a seoladh an Straitéis Náisiúnta um Áineas Tuaithe i mí Mheán Fómhair 2006, chuir an tAire maoiniú de €1.5m ar fáil d'obair chaipitil faoin Scéim Shóisialta Tuaithe agus iarraidh ar chuideachtaí LEADER tús áite a thabhairt do shiúlóidí agus do sheirbhísí coimhdeacha. Beidh an Roinn ag scríobh chuig na Cuideachtaí LEADER go léir gan mhoill lena chur in iúl dóibh go bhfuil an maoiniú sin ar fáil agus chun ceist a chur orthu a riachtanais i ndáil le tionscadail chaipitil a mheas. Tá súil ag an Roinn a bheith ábalta an maoiniú sin atá ar fáil a roinnt gan mhoill.<br><br>Bunaíodh brainse den tionscnamh "Ná Fág do Lorg" le déanaí in Éirinn agus thacaigh an Roinn leis an eagraíocht sin trí €30,000 a leithdháileadh i dtreo Chomhordaitheoir Straitéise a fhostú. Leis an tionscnamh leagtar amach prionsabail eitice lasmuigh do gach duine a úsáideann an tuath le go mbeidh daoine in ann sásamh a bhaint as an acmhainn luachmhar seo atá againn. Beidh an Comhordaitheoir rannpháirteach chun an teachtaireacht Ná Fág do Lorg a chur chun cinn go gníomhach i measc ghrúpaí áineasa faoin tuath ar fud na tuaithe. Is féidir mionsonraí maidir leis an tionscnamh "Ná Fág do Lorg" a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne www.pobail.ie. | |
| | 134 | Soláthróidh an Roinn dearbhuithe leanúnacha d'éifeachtacht riachtanais tras-chomhlíonta Scéim Íocaíochta Aonair don Choimisiún Eorpach agus don phobal go ginearálta. | C |
| | | Tá na socruithe tras-chomhlíonta a d'fhorbair an Roinn faoi réir iniúchtaí cheana féin ón ECA agus ón gCoimisiún Eorpach. B'éigean roinnt athraithe a thabhairt isteach tar éis iniúchadh ón gCoimisiún i 2005. Tá sé de dhualgas ar an Roinn a chinntiú go bhfuil an timpeallacht rialaithe a bunaíodh faoin thras-chomhlíonadh bríomhar agus go bhfreastalaítear ar riachtanais rialála agus iniúchta. Mar sin féin, creideann an Roinn go | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | bhfuil na forálacha tras-chomhlíonta ró-chásta d'fheirmeoirí agus táthar ag lorg simpliú cuí i gcomhthéacs athbhreithniú ar tras-chomhlíonadh a bhfuil an Coimisiún ina bhonn faoi láthair. Féach Gníomh 47. | |
| | 135 | Rachaidh DAF i mbun le Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Thuaisceart Éireann chun cur an méid agus is féidir le sineirgeacha ar an gcur chuige uile-oileánda maidir le taighde, sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí, foraoiseacht agus ábhair eile le leas frithpháirteach. | C |
| | | Reáchtáltar cruinnithe rialta ag leibhéil Aireachta agus oifigiúla chun ailíniú beartas agus socruithe cosanta a chur chun cinn i ndáil le rialú galair ainmhithe agus plandaí, taighde, foraoiseachta agus ábhair eile.<br>Maidir leis an tsaincheist áirithe den fhliú éanlaithe, tá pleanáil theagmhasach chun déileáil le hionradh den ghalar sin ag céim chun cinn agus áirítear ann rannpháirtíocht ghníomhach ó roinnt Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile a mbeidh orthu raon seirbhísí agus pearsanra a chur ar fáil in éineacht le pearsanra na Roinne. I gcomhthéacs chomhoibriú tras-teorann tá teagmháil agus idirghníomhú leanúnach le DARD Thuaisceart Éireann maidir le pleanáil galair, lena n-áirítear cláir oiliúna. Tá dlúthchaidrimh oibre idir DARD Thuaisceart Éireann agus DAF ar chúrsaí maidir le Sláinte Plandaí, lena n-áirítear sláinte plandaí Foraoise agus bíonn dhá chruinniú ar a laghad ann sa bhliain. Táthar ag gluaiseacht i dtreo cur chuige níos comhchuibhithe go háirithe i ndáil le horgánaigh coraintín a bhfuil spéis ar leith iontu don oileán seo. Bíonn cruinnithe den Ghrúpa Stiúrtha Lotnaidicídí Thuaidh/Theas ar siúl go bliantúil chun comhoibriú leanúnach sa réimse rialaithe lotnaidicídí a chomhordú agus a athbhreithniú agus reáchtáladh an cruinniú is deireanaí an 13 Meitheamh 2006. Maidir leis an réimse meastóireachta cineálacha bairr, tá tionscadail chomhoibritheacha Thuaidh/Theas ar bun d'arbhair, do luibhre agus do phrátaí agus bíonn réamhchruinnithe agus comhthrialacha ar siúl agus tugtar cuairt ar a chéile chun na trialacha a thástáil. | |
| | 136 | Tabharfar an t-athbhreithniú ardleibhéal den bheartas foraoiseachta chun críche i 2006 Áireofar ar an athbhreithniú sin breithniú den ghné earraí poiblí den chlár foraoiseachta. | C |
| | | Tá an t-athbhreithniú tugtha chun críche agus tá an tuarascáil, ina bhfuil anailís ar ghné earraí poiblí d'fhoraoiseacht á thabhairt chun críche. | |
| | 137 | Cuirfidh an Roinn lena raon treoirlínte comhshaoil san earnáil fhoraoiseachta nuair a fhoilseofar Treoirlínte d'Áineas Foraoiseachta agus Treoirlíne d'ullmhú Measúnaithe Tionchar Comhshaoil, agus déanfar reachtaíocht do rialú leasacháin ón spéir freisin. | B |
| | | Tá na treoirlínte d'Áineas Foraoiseachta foilsithe. Síníodh an Ionstraim Reachtúil ar leasacháin ón aer. Tá dréacht-threoirlínte ar Ullmhú Measúnaithe Tionchar Comhshaoil á n-ullmhú. | |
| | 138 | Treiseoidh DAF beartais, agus leanfar go háirithe leis an tionscadal taighde vacsaín, a bhíonn dírithe ar tharluithe eitinne a choinneáil chun cur le sábháilteacht tomhaltóirí agus trádáil. | B |
| | | Tá an clár díothaithe reatha á athbhreithniú faoin bpróiseas Luach ar Airgead atá sceidealaithe le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2007. Scrúdófar aon mholtaí sa tuarascáil atá dírithe ar fheabhas a chur ar | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | éifeachtacht nó éifeachtúlacht an chláir go cúramach le súil agus glacadh leo gan mhoill. Tá fiadhúlra le heitinn mar chonstaic do dhíothú an ghalair sin agus dá réir tá tionscadal taighde san áireamh sa chlár arb é an aidhm atá leis vacsaín a fhorbairt don fhiadhúlra le go laghdófar an méid agus is féidir scaipeadh an ionfhabhtaithe ón bhfiadhúlra go dtí eallaigh. Cé go bhful roinnt mhaith dul chun cinn déanta chun vacsaín a fhorbairt, ní dóigh go mbeidh vacsaín láncheadúnaithe agus éifeachtach ar fáil sa ghearrtéarma. | |
| | 139 | Leanfar le cláir éifeachtacha Brúsalóise agus BSE, agus beifear dírithe ar an dá ghalar a dhíothú go luath. | B |
| | | Tá laghdú tagtha ar Brúsalóise le blianta beaga anuas agus tá clár éifeachtach á choimeád le súil agus deireadh a chur leis an ngalar sin sa ghearrtéarma. I 2006, bánaíodh 3 thréad i gcomparáid le 27 i rith 2005. D'éirigh leis an dianchlár BSC reatha an líon cásanna BSC a laghdú ó 333 i 2002 go 41 i 2006 agus tá próifíl aoise na gcás ag ardú. Leanfar ag coimeád an réimeas rialaithe reatha chun BSE a dhíothú chun an galar a dhíothú ach leanfar le hiarrachtaí an ceadú AE a fháil chun teorainneacha aoise a ardú do thástáil tapa mar thoradh ar na bearta cosanta tomhaltóirí atá in áit agus an staid níos fearr. | |
| | 140 | Sa ghearrthéarma, leanfar le faire *scrapie* do chaoirigh agus do ghabhair ionas go bhféadfar tréada a mbeidh na galraí orthu a aithint agus déileáil leo. I ndiaidh dul i gcomhairle le leasanna cuí, tabharfar isteach clár géinitíopa éigeantach do chaoirigh chun go bhféadfar caoirigh a tháirgeadh a bheidh in ann scrapie a fhrithsheasamh agus dá réir beidh tuilleadh athdhearbhuithe ann do thomhaltóirí. | C |
| | | Leanfar ag feidhmiú na bearta faire agus gaolmhara atá soláthraithe i ndáil le *scrapie.* Pléifear socruithe amach anseo maidir le géinitíopa le leasanna feirmeoireachta agus leasanna eile nuair a bheidh deireadh leis na hidirbhearta reatha ag leibhéal an AE. | |
| | 141 | Spreagfaidh agus tacóidh an Roinn le forbairt tionscnamh a bheidh faoi stiúir an tionscail chun tuilleadh feabhais a chur ar shláinte ainmhithe trí bhearta a fheidhmiú chun réimse galar a bhaineann le táirgeadh in eallaigh, i gcaoirigh agus i muca a rialú. | C |
| | | Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag forbairt cur chuige chun tionscnamh a bheidh faoi stiúir an tionscail a chur chun cinn chun déileáil le galair neamhrialaithe éagsúla a chuireann isteach ar tháirgiúlacht, ar leas ainmhithe agus ar deireadh thiar ar shláinte an phobail. Beidh tuilleadh cruinnithe á reáchtáil le geallsealbhóirí iomchuí sa ghearrtéarma agus sa mheántéarma chun ceisteanna nach bhfuil socraithe fós a thabhairt chun críche. | |
| | 142 | Tabharfar Pleanáil Theagmhasach do ráigeanna suntasacha galar cothrom le dáta agus comhordófar tuilleadh iad le geallsealbhóirí tionscail agus le gníomhaireachtaí stáit eile chun cur lenár gcumas déileáil le galair agus le lotnaidí coigríche. | B |
| | | Leanfar ag scagadh pleananna teagmhasacha do raon galar ainmhithe agus á dtabhairt cothrom le dáta agus coimeádtar teagmhálacha le Ranna agus le gníomhaireachtaí a chuideodh leis an Roinn sa chás go mbeadh ráig den ghalar ann. Coimeádtar idirchaidreamh dlúth freisin le húdaráis i dTuaisceart Éireann agus mar is cuí le Londain. Tá Pleananna Teagmhasacha Sláinte Plandaí i bhfeidhm do 4 ghalar ollmhóra agus | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | bítear á n-athbhreithniú go leanúnach. Tá formáid cineálach do theagmhasacha á bhforbairt freisin. | |
| | 143 | Cuirfear clár náisiúnta monatóireachta agus rialaithe níos fearr i bhfeidhm do lotnaidí plandaí agus foraoiseachta bunaithe ar anailís riosca agus trí úsáid a bhaint as eolaíocht agus as teicneolaíochtaí a bheidh ag teacht chun cinn. | B |
| | | Tá suirbhéanna bliantúla á ndéanamh maidir le lotnaidí coraintín ar leith mar a éilítear de réir rialacháin Plandaí agus Sláinte AE agus tá monatóireacht á dhéanamh ar an gcás ar bhonn leanúnach chun ár stádas crios cosanta a choimeád.<br>I 2006 mar chuid den cheanglas ar fud an AE rinne an tSeirbhís Fhoraoiseachta suirbhé ar an eastát foraoiseachta náisiúnta do na lotnaidí agus galair foraoise a leanas: Phytophthora ramorum, gníomhaí cúisíoch an ghalair darach a mbíonn bás tobann i gceist, néimeatóid ghúise agus gálfhoche geanmchnó oirthearach. Ina theannta sin rinneadh suirbhéanna eile de chuid an eastáit foraoiseachta náisiúnta do 11 lotnaidí agus galair foraoise ar leithligh agus a bhfuil stádas Crios Cosanta speisialta ag Éirinn laistigh de Mhargadh Inmheánach an AE. Níor aimsíodh aon lotnaidí ná galair coraintín ar aon speiceas crainn ach thángthas ar Dhúchan ramorum i dhá réimse foraoise ar Ródaideandrón.<br>Ina theannta sin, rinneadh cleachtadh monatóireachta lotnaidí foraoise speisialta ar allmhairithe ó thíortha nach tíortha AE iad d'ábhar pacáistithe adhmad a bhí gaolmhar le hearraí de gach uile cineál. Earcaíodh Cigire Foraoise Breise do dhualgais Cosanta Foraoise. | |
| | 144 | Cuirfear le hidirchaidreamh le comhlachtaí náisiúnta eile agus le hinstitiúidí taighde le súil agus cláir thaighde agus rialaithe comhoibritheacha a fhorbairt d'orgánaigh coraintín. | C |
| | | Tá an tSeirbhís Foraoise rannpháirteach le EUPHRESCO maidir le taighde sláinte plandaí áirithe agus leis an tionscadal RAPRA freisin chun EUPRA a tháirgeadh ar Dhúchan ramorum. Tá teagmháil agus idirchaidreamh leanúnach freisin le Teagasc agus COFORD, an Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise chun riachtanais taighde a aithint agus taighde foraoise a éascú agus a chur chun cinn. | |
| | 145 | Leanfar le hobair ar fhorbairt comhbheartais ar shláinte ainmhithe agus plandaí agus ar leas ainmhithe ar bhunús uile-oileánda le súil agus saorghluaiseacht ainmhithe a bhaint amach ar deireadh ar an oileán. | C |
| | | Tá teagmháil dlúth le DARDNI maidir le saincheisteanna Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus táthar sa tóir ar chur chuige uile-oileánda maidir le horgánaigh coraintín shonracha. Táthar ag leanúint le dul chun cinn chun réimeas sláinte ainmhithe uile-oileánda a sheachadadh. | |
| | 146 | Athbhreithneofar an réim míochaine tréidliachta i 2006 agus coimeádfar faoi athbhreithniú é ina dhiaidh sin chun forbairtí ag leibhéal an AE a chur san áireamh, cosaint a thabhairt do shláinte agus leas an phobail agus na hainmhithe agus iomaíochas de thalmhaíocht na hÉireann a chur chun cinn. | B |
| | | Féadfar an réimeas a tugadh isteach i 2005 a choimeád mar atá den chuid is mó de dheasca toradh sásúil ag leibhéal an AE ar chás a rinne an Roinn maidir le critéir díolúine do chógais tréidliachta. Ceadaíonn an toradh coinneáil an status quo do chógais tréidliachta nach bhfuil gá le hoideas | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ón tréidlia ina dtaobh faoi láthair. Tá na socruithe mionsonraithe chun cóireálacha idir-mhamacha a ordú á bplé leis na leasanna iomchuí, táthar deartha chun sláinte poiblí agus ainmhithe a chosaint agus chun a margadh iomaíoch a chinntiú do chógais | |
| | 147 | Athbhreithneofar an córas luath-rabhaidh ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuil an córas ag comhlíonadh a chuspóir feabhas a chur ar leas ainmhithe trí dhéileáil le cásanna a mbeadh fadhb leo chomh luath agus is féidir. | B |
| | | Tá an córas á athbhreithniú go leanúnach agus bíonn cruinnithe rialta ag leibhéil réigiúnacha agus náisiúnta chun oibriú an chórais i réimsí éagsúla a athbhreithniú. Tríd is tríd, tá an córas ag obair go maith agus leanann páirtithe iomchuí ag rannchuidiú. | |
| | 148 | Forbrófar saotharlanna Tréidliachta agus Talmhaíochta DAF nua mar lárionaid barr feabhais agus eolas eolaíoch chun tacú le agus cur ar chumas feidhmiú éifeachtach cláir náisiúnta agus tionscail ar shláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus sláinteachas bia. | C |
| | | Tá cumas tástála chun tacú le cláir náisiúnta agus tionscail á n-aistriú chuig an láithreán nua don saotharlann nua ag an mBacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara. | |
| | 149 | Forbróidh an Roinn comhchláir thaighde sláinte agus leasa ainmhithe le hInstitiúidí Tríú Leibhéal, le Teagasc, le heagraíochtaí feirmeoireachta agus leis an ngairm tréidliachta. Díreoidh na cláir sin, a bheidh láraithe ag an gcoimpléacs Shaotharlann Tréidliachta Lárnach nua ag an mBacastún, Co. Chill Dara ar:<br>- Galair zónóiseacha a fhaire agus a rialú<br>- Na galair ainmhithe eindéimeacha a bhfuil suntas tráchtála ag baint leo a fhaire agus<br>- Comhlíonadh maidir le leas ainmhithe a fheabhsú. | C |
| | | Leathnófar tionscadail chomhoibritheacha. Síneofar faire do ghalair zónóiseacha agus do ghlalair cheantracha lena mbaineann tábhacht eacnamaíochta agus beidh pleananna rialaithe ann mar chabhair breise | |
| | 150 | Comhoibreoidh an ICBF go dlúth le lucht taighde agus le feirmeoirí chun an poitéinseal do thógáil eallach a bhunú chun leibhéal níos ísle galair agus leas ainmhithe níos fearr a bhaint amach. | B |
| | | Cuireadh tús le tionscadal taighde ar ghéineolaíocht friotaíochta maidir le eitinn i gcomhar le ICBF, TEAGASC, DAF agus UCD. D'fhorbair agus d'fheidhmigh ICBF córas meastóireachta do líon chealla shómacha agus bá bhacach tras phóir éagsúla. Oibríonn ICBF córas meastóireachta géineolaíochta tras-phóir freisin maidir le héascaíocht breith lao, básmhaireacht lao agus achar an tréimhse iompair | |
| | 151 | Tógfar cur chuige forghníomhach maidir le saincheisteanna leasa agus cuirfidh DAF córas cláraithe agus bearta gaolmhara d'iompróirí ainmhithe i bhfeidhm go háirithe faoi Eanáir 2007 chun feabhas a chur ar choinníollacha ina n-iompraítear ainmhithe agus dá réir ag cinntiú go bhféadfadh trádáil beo leanúint ar aghaidh. | B |
| | | Achtaíodh reachtaíocht i mí na Nollag 2006 agus glacadh gníomhartha riachtanacha eile chun feidhmiú Rialachán Iompair AE ó mhí Eanáir 2007 a cheadú. Táthar ag tabhairt aghaidh ar riachtanais oiliúna agus eile sa reachtaíocht ar bhonn leanúnach. | |
| | 152 | Foilseoidh DAF, i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus | A |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Gaeltachta, Straitéis Náisiúnta Forbartha Tuaithe i lár 2006, tar éis comhairliúchán forleathan le geallsealbhóirí. Socróidh sin na prionsabail do thacaíocht forbartha tuaithe go dtí 2013. | |
| | | Cuireadh an straitéis náisiúnta forbartha tuaithe, a sholáthraíonn forbhreathnú ar na tosaíochtaí na gníomhartha molta do 2007-2013, chuig Coimisiún an AE i mí na Samhna 2006. Táthar fós ag feitheamh comhaontú Choimisiún an AE. Soláthraíonn an straitéis an bonn do bhearta tacaíochta atá mionsonraithe i gClár Forbartha Tuaithe CAP. | |
| | 153 | Lorgóidh an dá Roinn ceadú AE do Chlár Forbartha Tuaithe CAP sa dara leath de 2006. Áireofar air sin cinntí suntasacha beartais agus státchiste don tréimhse 2007-2013 maidir le scéimeanna ollmhóra ar nós REPS, Foraoiseacht, Limistéir faoi Mhíbhuntáiste, Luathscor, Cabhair Shuiteála agus bearta infheistíochta ar an bhfeirm. Áireofar leis an gclár sin bearta eile freisin a bheidh dírithe ar na trí thosaíochtaí AE atá luaite thuas. | B |
| | | lbhóirí agus meastóireacht neamhspleách, cuireadh an clár forbartha tuaithe chuig Coimisiún an AE i mí na Nollag 2006. Leanfar le díospóireachtaí leis an gCoimisiún le súil agus ceadú a fháil gan mhoill. Meastar leis an gclár go mbeidh caiteachas poiblí iomlán de €7.5 billiún ann thar na trí thosaíochtaí iomaíochas, comhshaol agus caighdeán saoil/éagsúlú. Léirítear toradh an phróisis chomhairliúcháin/chomhpháirtíochta agus áirítear na nithe seo a leanas ann :<br>• Beart de chuid REPS 4 a leanfaidh go forghníomhach ag cur an timpeallacht tuaithe, caighdeán an uisce agus bithéagsúlacht chun cinn. Ardóidh íocaíochtaí faoin scéim, lena n-áirítear Natura 2000, 17% i gcomparáid le REPS 3.<br>• Ardú 8% in íocaíochtaí Limistéir faoi Mhíbhuntáiste do thart ar 100,000 feirmeoir.<br>• Clár foraoiseachta nua, bunaithe ar an athbhreithniú straitéiseach atá á dhéanamh faoi láthair, agus ardú 15% ar phríomhrátaí foraoiseachta.<br>• Scéim luath-scoir nua ag uas-ráta íocaíochta níos airde de €15,000 in aghaidh na bliana. Ardófar uas-íocaíochtaí chuig daoine atá scortha faoi láthair freisin go €14,075 dóibh sin in ESR1 agus €15,000 dóibh sin in ESR2.<br>• Cúnamh suiteála d'fheirmeoirí óga de €15,000. Sin ardú 56% ar an ráta reatha. Tacóidh sé le feirmeoirí óga atá tiomanta a ngnó féin a fhorbairt.<br>• Bearta speisialta d'fheirmeoirí bá diúil agus déiríochta atá leagtha amach i míreanna 5.1 agus 5.3.<br>• Beart infheistíochta ar an bhfeirm atá dírithe ar fheirmeoirí atá ag nuachóiriú a gcóras táirgeachta. Áireofar leis an mbeart tacaíocht do na hearnálacha beostoic agus barraí.<br><br>rt Bainistiú Dramhaíola Feirme nua ag na rátaí atá fógartha cheana ón bpacáiste maoinithe seo. Leithdháilfear €350m in iomlán do dhramhaíl feirme agus bearta infheistíochta eile ar an bhfeirm. | |
| | 154 | Meastar go gclúdóidh an Plean Forbartha Tuaithe 2007-2013 forbairt fiontair feirme malartacha/forlíontacha freisin lena n-áirítear póiriú eachaí agus táirgeacht. | C |
| | | Moltar leis an bPlean Forbartha Tuaithe 2007-2013 go dtabharfaí isteach Scéim Fheabhsúcháin Feirme atá beartaithe chun go leor de na gnéithe de na scéimeanna OFI reatha a chuimsiú, lena n-áirítear an Scéim Fiontair Malartach. Beidh an cúnamh deontais ar fáil d'infheistíochtaí caipitil ar | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | fheirmeacha. | |
| | 155 | Déanfar meastóireacht ex-ante ar an gClár Forbartha Tuaithe chun tosaíochtaí do bhearta sa todhchaí a fhorbairt. Beidh sé riachtanach luach ar airgead d'airgead poiblí a chinntiú sna bearta ar fad atá san áireamh sa chlár; ní mór na buntáistí maithe poiblí a bheith soiléir agus intomhaiste. | A |
| | | Tugadh meastóireacht ex-ante neamhspleách chun críche ar an ndréachtchlár forbartha tuaithe. Bhí an tuarascáil mheastóireachta ar fáil don phróiseas comhairliúchain ar an gclár agus cuireadh í sin san áireamh lena thabhairt chun críche sula cuireadh ar aghaidh chuig Coimisiún an AE é. | |
| | 156 | De bharr go bhfuil an Rialtas tiomanta do chur chuige lánpháirtithe maidir le forbairt tuaithe, cuirfidh an Straitéis agus an Clár RD náisiúnta le tionscnaimh beartais eile a thugann aghaidh ar fholláine eacnamaíochta agus sóisialta cheantair thuaithe. | B |
| | | Leis an bPlean Forbartha Náisiúnta nua, aithnítear nach bhfuil folláine eacnamaíochta agus sóisialta cheantair thuaithe ag brath ar fad ar an straitéis agus ar an gclár forbartha tuaithe CAP. Leagann an NDP amach sraith tionscnamh beartas comhlántacha a bhfuil achoimre déanta orthu sa chaibidil ar an ngeilleagar tuaithe. | |
| | 157 | Forbróidh an Roinn, i gcomhar le geallsealbhóirí cuí, scéim nua agrai-comhshaoil a chuirfidh an comhshaol agus bithéagsúlacht chun cinn go forghníomhach le cur san áireamh i gclár RD 2007 –2013. Meastar go mbeidh tiomantas fíor-shuntasach d'acmhainní státchiste i gceist leo sin. | A |
| | | I ndiaidh teacht ar chomhaontú i mí Dheiridh Fómhair 2006 ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta nua, *I dTreo 2016*, tá scéim agrai-chomhshaoil nua san áireamh sa dréacht-Phlean Forbartha Tuaithe atá curtha faoi bhráid an Choimisiúin lena cheadúnú. Soláthraíonn an beart atá molta ardú ollmhór i rátaí thar an REPS atá ann faoi láthair agus is ionann sin agus tiomantas ollmhór don AE agus do mhaoiniú ón státchiste don tréimhse 2007-2013. | |
| | 158 | Déanfaidh an Roinn iarracht a chinntiú go bhfeidhmeofar an scéim agrai-chomhshaoil nua sin gan stró, le híos-ualach páipéarachas riachtanach agus ag an am céanna go gcinnteofar rialú ceart ar chistí poiblí agus éifeachtacht ó thaobh earraí poiblí a sheachadadh. | C |
| | | Seoladh moltaí do scéim agrai-chomhshaoil nua, REPS 14 chuig an gCoimisiún Eorpach mar chuid den dréacht-Chlár Forbartha Tuaithe 2007-13. Tá téarmaí agus coinníollacha agus sonraíochtaí pleanála á ndréachtú faoi láthair cé nach féidir iad a thabhairt chun críche go mbeidh freagra maidir leis na moltaí ginearálta ar fáil ón gCoimisiún. | |
| | 159 | I gcomhthéacs an Treoir Níotráití, cuirfidh an Roinn Scéim um Bhainistiú Dramhaíola Feirme nua i bhfeidhm, ag a mbeidh incháilitheacht níos leithne agus rátaí deontais níos fearr, chun cur le cumas stórála sciodair ar an bhfeirm agus chun cosaint a thabhairt d'acmhainní uisce. Áirítear leis an bpacáiste sin rátaí maoinithe atá os cionn na ngnáthrátaí do scéimeanna cómhaoinithe AE. Beidh sé ar fáil do gach feirmeoir, lena n-áirítear don chéad uair táirgeoirí muc agus éanlaithe clóis, a mbíonn orthu oibreacha infheistíochta a dhéanamh chun cloí leis an treoir. | A |
| | | Tugadh isteach FWMS athbhreithnithe i mí an Mhárta 2006 chun cuidiú le feirmeoirí riachtanais na Treorach Níotráití a chomhlíonadh. Sholáthair an Scéim inter alia, do na nithe a leanas: (a) ardú ar an | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | uasteorainn infheistíochta incháilithe ó €75,000 go €120,000; (b) ardú ar an ngnáthráta deontais go 60%, agus 70% ar fáil sna ceithre chontae i gCrios C; (c) síneadh den Scéim chun capaill, fianna, gabhair, muca, éanlaithe agus múirín muisiriúin a chur san áireamh; (d) deireadh le íos-riachtanas ioncaim ó fheirmeoireacht le go bhféadfaidh gach feirmeoir a bheith rannpháirteach sa scéim; (e) síneadh ar an uasteorainn aonad ioncaim (IU) ó 450 IUnna go 650 IUnna, agus ní bheidh aon uasteorainn i bhfeidhm i gcás feirmeoirí muc & éanlaithe. Dhún an scéim d'iarratais nua ag deireadh 2006. | |
| | 160 | Feidhmeofar scéim de chúnamh deontais, a léireoidh na buntáistí a bhaineann le teicneolaíochtaí nuálacha agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun cóireáil a chur ar aoileach beostoic. | A |
| | | Tugadh isteach Scéim nua i mí an Mheithimh 2006 chun tacú le léiriú theicneolaíochtaí nua agus theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun cuidiú tuilleadh leis an earnáil talmhaíochta riachtanais na Treorach Níotráití a chomhlíonadh. Sholáthar an Scéim, a dhún d'iarratais nua ag deireadh 2006, deontas i gcabhair do suas le deich dtionscadal ar fud an Stáit d'fhonn sin a chomhlíonadh. Is é an uasteorainn infheistíochta in aghaidh an tionscadail ná €1 milliún agus 40% an ráta deontais. Soláthraíonn an Clár Forbartha Tuaithe 2007-2013 do leanúint ar aghaidh leis an Scéim sin. | |
| | 161 | Treiseoidh Teagasc a fheachtas comhairleach chun tacú le táirgeoirí muc agus éanlaithe i gcomhthéacs cloí le hiarratais chomhshaoil agus leasa ainmhithe. | B |
| | | Tuigeann Teagasc go bhfuil riachtanais nua á gcur ar tháirgeoirí muc agus éanlaithe ag reachtaíocht comhshaoil agus leasa ainmhithe le déanaí. Treisíodh an clár comhairleach agus taighde sna réimsí sin, mar shampla, tá comhairleoir muc breise earcaithe agus cuireadh tús le taighde nua ar bhealaí ina bhféadfaí aoileach ainmhithe a chóireáil agus a úsáid ar shlí shásúil ó thaobh an chomhshaoil. Chomh maith leis sin, bunaíodh Grúpa Oibre, faoi chathaoirleacht DAF, le téarmaí tagartha "a bheith mar bhonn do thodhchaí na hEarnála Beostoic Déine (muca, éanlaithe lena n-áirítear táirgeadh muisiriúin) i gcomhthéacs na Rialachán Níotráití S.I. 378 de 2006." | |
| | 162 | Tacóidh DAF le taighde agus le tionscnaimh chun monatóireacht a dhéanamh agus chun feabhas a chur ar thionchar ceimiceán a úsáidtear i dtalmhaíocht ar uisce, ar an aer agus ar speicis a bhíonn ina gcónaí in éiceachórais talmhaíochta. | B |
| | | Spreagadh taighdeoirí chun moltaí taighde iomchuí a chur ar aghaidh chun maoiniú a fháil faoina cláir Stimulus agus Firm. Bhí an réimse maidir le truailliú comhshaoil trí thalmhaíocht san áireamh le 2006 RSF Agrai-Chomhshaoil Limistéir Téama. Thacaigh DAF le monatóireacht an EPA ar cheimiceáin in uisce i gcomhthéacs riachtanais an Chreat-Treoir Uisce. | |
| | 163 | Forbróidh an Roinn, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, clár foraoiseachta don tréimhse Forbartha Tuaithe 2007-2013, a léireoidh na luachanna comhshaoil a bhaineann le foraoiseacht, lena n-áirítear sláinte, taitneamhacht agus éagsúlacht. | B |
| | | Ullmhaíodh agus seoladh an dréacht RDP | |
| | 164 | Déanfar dul chun cinn ar fheidhmiú an Phlean sin a mheasúnú gach bliain | C |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | i dTuarascáil Bhliantúil an Aire. | |
| | | Táthar go leor chun cinn maidir le réamhobair ar an gcéad thuarascáil dul chun cinn agus beidh sin san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil 2006 | |
| | 165 | Athbhreithneoidh DAF a struchtúr agus straitéisí oibríochta reatha i 2006 chun na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a bhreithniú chun na tosaíochtaí nua atá leagtha amach sa Phlean seo a léiriú. | C |
| | | Cheap an Roinn gnólacht comhchomhairleoirí chun éascú le foghrúpa inmheánach faoi threoir an Choiste Comhairleach Bainistíochta dul i mbun athbhreithnithe ar eagraíocht DAF. Tá roinnt fo-ghrúpaí ag scrúdú na téamaí a aithníodh sa Phlean Gníomhaíochta Agraifhís 2015. Thosaigh an t-athbhreithniú an 6 Samhain 2006 agus táthar ag súil le dréacht-thuarascáil gan mhoill. | |
| | 166 | Breithneoidh Teagasc agus Bord Bia impleachtaí an phlean seo freisin dá n-eagraíochtaí. | C |
| | | Tá Teagasc agus Bord Bia ag glacadh cuntas iomlán de Phlean Gníomhaíochta AV 2015 agus a straitéisí eagraíochta á bhforbairt. Breithneoidh siad saincheisteanna eagraíochta iomchuí nuair a bheidh athbhreithniú eagraíochta DAF ag céim níos faide ar aghaidh. | |
| | 167 | Bunófar fóram ina mbeidh na príomhgheallsealbhóirí, lena n-áirítear feirmeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí, mar aon leis na comhlachtaí poiblí iomchuí chun breithniú a dhéanamh ar phríomhcheisteanna maidir le todhchaí na hearnála. Gheobhaidh an fóram tuairiscí freisin ar dhul chun cinn an phlean gníomhaíochta seo agus díreofar go sonrach ar ról na hearnála príobháidí ó thaobh a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh. | A |
| | | Reáchtálfar Fóram na nGeallsealbhóirí an 23 Márta 2007 san Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann. Is í an tAire Uí Chochláinn a reáchtálfaidh an imeacht agus áireofar ann cainteoirí móra idirnáisiúnta. Cuireadh an chéad tuarascáil ar an dul chun cinn ar an bPlean Gníomhaíochta Agraifhís 2015 i láthair ag an bhfóram. | |
| **Iomlán: 37, A-5, B-15, C-17, D-0. Céatadán A & B= 54%** | | | |